An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

Tuarascáil Bhliantúil 2016

Clár an Ábhair

	Leathanach
Focal ón gCathaoirleach	1
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh	3
Buneolas faoin Údarás	5
Comhaltas an Údaráis	6
Ról an Údaráis	9
Misean agus Luachanna	11
Plean Straitéiseach	12
Cuspóir 1 Ceadúnais	13
Cuspóir 2 Imscrúduithe	23
Cuspóir 3 Feasacht an Phobail maidir leis an Údarás a chur chun cinn	36
Cuspóir 4 Cláir Phoiblí	38
Cuspóir 5 Acmhainní Foirne	41
Cuspóir 6 Cúrsaí Cumarsáide	45
Aguisín A – Tuarascáil Airgeadais	52

Focal ó Chathaoirleach an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, Geraldine Clarke.

Tá áthas orm tuarascáil bhliantúil 2016 an Údaráis Seirbhísí Maoine a chur i láthair.

Ba bhliain a bhí thar a bheith gnóthach agus nuálach a bhí sa bhliain anuraidh don Údarás agus do na ceadúnaithe. Thug an tÚdarás isteach saoráid athnuachana ceadúnais agus íocaíochta ar líne do cheadúnaithe i mí Aibreáin 2016. D'éirigh thar barr leis seo agus is féidir an rathúlacht sin a chur síos don leibhéal rannpháirtíochta ar thug an tÚdarás faoi le comhlachtaí ionadaíocha na gairme, na seimineáir ar fud na tíre agus bunú deasc chabhrach tiomanta. Tá moladh mór ag dul do na ceadúnaithe as a leibhéal rannpháirtíochta leis an bpróiseas ar líne. Chuir a gcomhoibriú gníomhach agus a ndíograis go mór lena rathúlacht. Tá próiseas athnuachana ceadúnais atá i bhfad níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla i bhfeidhm ag an Údarás anois, ar chuir an earnáil agus na ceadúnaithe fáilte mhór roimhe.

Bhí easpa acmhainní leordhóthanacha mar dhúshlán ag an Údarás ó bunaíodh é, go háirithe le linn an choisc ar earcú foirne. Tugadh foireann ionadaíochta don Údarás níos túisce i mbliana le haghaidh a thabhairt ar na riaráistí maidir le gearáin. Chomh maith leis sin, chuir an tÚdarás tairiscint amach le hobair a dhéanamh go seachtrach ar imscrúduithe gearáin in aghaidh ceadúnaithe. Sínigh an tÚdarás conradh i mí Iúil na bliana 2016 le páirtí ag a raibh na scileanna a bhí riachtanach le tabhairt faoina leithéid sin d'imscrúduithe thar ceann an Údaráis. Bhí thart ar 400 iniúchadh faoi bhealach ag teannadh le deireadh na bliana agus tá siad sin ag céimeanna éagsúla maidir lena dtabhairt chun críche. Tríd is tríd, ghlac an ghairm go fonnmhar leis na hiniúchtaí agus admhaítear go ginearálta, gur ionann iad agus uirlis atá luachmhar ó thaobh cuidiú le ceadúnaithe a gcuid oibleagáidí reachtúla a comhlíonadh.

Ag tarraingt le deireadh na bliana, tugadh na himscrúduithe maidir le gearáin ar láimh do na cigirí seachtracha freisin agus thug sé sin cabhair mhór don Údarás le haghaidh a thabhairt ar na riaráistí maidir le gearáin.

Thug seisear comhalta de chuid an Údaráis a dtéarma oifige chun críche i mí Aibreáin 2016. Rinne an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais triúr de na comhaltaí a bhí ag dul as oifig, Paul Mooney, Edward Carey agus mé féin a cheapadh arís chomh maith le trí chomhalta nua, Hilary Griffey, an Dr Aideen Hayden agus an Dr Muiris Ó Céidigh. Ba chúis áthais domsa a bheith ceaptha mar Chathaoirleach arís. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh na comhaltaí atá ceaptha arís agus fáilte a chur roimh chomhaltaí nua-cheaptha ag a bhfuil raon leathan saineolais agus taithí a rachaidh chun tairbhe don Údarás agus é ag tabhairt faoina chuid feidhmeanna reachtúla. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na comhaltaí atá ag dul as oifig, Carol Boate, Myles O'Reilly agus James Doorley, as a gcuid díograis agus a gcuid tacaíochta le blianta beaga anuas. Ar ndóigh, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin do mo chomhghleacaithe san Údarás as a dtiomantas agus a ndíograis, atá ríthábhachtach do rathúlacht leanúnach an Údaráis.

Ní bheadh a bhfuil bainte amach i mbliana indéanta gan obair chrua, díograis agus bhuanseasmhacht an Phríomhfheidhmeannaigh, Maeve Hogan, agus foireann an Údaráis. Tá leibhéal mór éachtaí ar fud feidhmeanna go léir an Údaráis mar thoradh ar a gcuid iarrachtaí leanúnach, a chiallaíonn go bhfuil ar ár gcumas a bheith ag tnúth go mór agus go muiníneach leis na blianta atá amach romhainn.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Frances Fitzgerald, agus le foireann na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais as a dtacaíocht leanúnach.

_____

Geraldine Clarke
Cathaoirleach

Réamhrá Phríomhfheidhmeannach an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, Maeve Hogan

Tá áthas orm, mar Phríomhfheidhmeannach ar an PRSA an dara tuarascáil bhliantúil a chur i láthair maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis le bliain anuas. Tá sruthlíniú córas rialála nua mar thoradh ar obair leanúnach an Údaráis, córas a bhunaíonn caighdeáin, a chuireann gairmiúlacht chun cinn agus a chosnaíonn leasa an tomhaltóra. Tá súil agam leanúint ar aghaidh ag cur leis na bunchlocha seo ionas go mbeidh an PSRA ina eagraíocht rialála atá níos éifeachtaí do cheadúnaithe agus do thomhaltóirí araon.

Leanfaidh mé orm ag cur le struchtúir bhunaithe an Údaráis le linn mo thréimhse mar Phríomhfheidhmeannach. Bhí tús a chur le próiseas chun aistriú ó chóras iarratais ar cheadúnais a dhéantar de láimh go córas athnuachana cheadúnais agus íocaíochtaí ar líne ar cheann de na príomhthionscadail a bhí romham ar dhul i mbun dualgais dom i mí Lúnasa 2015. Faoi dheireadh na bliana 2016, bhí an tionscadal maidir le hathnuachan ceadúnais ar líne sna céimeanna deiridh forbartha, arbh ionann é, ag an bpointe sin, agus tionscadal a chuir éifeachtúlachtaí suntasacha ar fáil do cheadúnaithe ó thaobh athnuachan a dhéanamh ar a gcuid iarratais ceadúnais agus d'fhoireann an Údaráis maidir le bainistíocht a dhéanamh ar phróiseas athnuachana ceadúnais a bhí níos éifeachtaí agus i bhfad níos éifeachtúla. Tá éifeachtúlachtaí á bhfáil ón tionscadal seo i gcónaí, tionscadal a bhfuil éifeachtúlachtaí i dtéarmaí am próiseála chomh maith le coigilteas acmhainní bainte amach aige.

Thug an tÚdarás faoi shraith seimineár ar bhonn náisiúnta mar chuid den fheachtas eolais maidir leis an bpróiseas ar líne, le ceadúnaithe a chur ar an eolas maidir leis an bpróiseas nua athnuachana ceadúnais. Tionóladh seimineáir san Uaimh, Sligeach, Gaillimh, Corcaigh, Port Laoise agus Baile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, cuireadh bileoga eolais, treoracha físeáin agus deasc chabhrach tiomanta ar fáil chun an cuidiú is fearr is féidir a sholáthar le rathúlacht an tionscadal a chinntiú.

Le héascú a dhéanamh ar sheachadadh foghlama leanúnach agus gairmiúlacht níos fearr san earnáil, tá fáil a bheith ar scéim Forbartha Ghairmiúil Leanúnach (CPD) ríthábhachtach. Ceadaigh an tÚdarás scéim CPD a ndéanfaidh soláthróirí ceaptha seachadadh uirthi thar ceann an Údaráis ar bhonn creidiúnaithe. Déanfar seachadadh ar an CPD do cheadúnaithe trí fhreastal ar léachtaí agus trí chúrsaí ar líne agus cuirfear iad sin ar fáil ar bhonn leanúnach. Bhí an dul chun cinn maidir le forbairt a dhéanamh ar phróiseas tairisceana an CPD ag luathchéim forbartha faoi dheireadh na bliana 2016.

I mí Iúil na bliana 2016, d'fhostaigh an tÚdarás cuideachta le saineolas i gcúrsaí imscrúduithe chun iniúchtaí comhlíonta agus imscrúduithe ar chásanna gearáin a stiúradh. Faoi dheireadh na bliana 2016, chuir foireann an Údaráis agus cigirí seachtracha tús le thart ar 400 iniúchadh. Bunaithe ar thorthaí na n-iniúchtaí a bhí tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana bhí leibhéal an-ard comhlíonadh ann i measc na gceadúnaithe.

Leanann Ciste Cúitimh an Údaráis ag fás agus faoi dheireadh na bliana b'ionann luach iomlán an Chiste agus thart ar €2.7 milliún. Leanadh, ar feadh na bliana 2016, leis an bpróiseas maidir le roghanna a scrúdú i ndáil leis an gCiste Cúitimh a chur faoi árachas. Níor tugadh aon deontais ón gCiste amhail mí na Nollag, 2016.

Bhí aghaidh a thabhairt ar riaráistí maidir le cásanna gearáin mar thosaíocht ag an Údarás i gcónaí. Trí fhoireann a shannadh do rannóg na nGearán, acmhainní breise a bhí ar fáil trí éifeachtúlachtaí in oifig na hUaimhe agus fostú cigirí seachtracha, baineadh feabhsúcháin shuntasacha amach ó thaobh aghaidh a thabhairt ar riaráistí maidir le cúrsaí gearáin.

Ní bheadh an dul chun cinn atá déanta go dtí seo indéanta murach díograis agus tiomantas fhoireann an Údaráis a thug an oiread sin tacaíochta domsa i mo ról agus ba liom buíochas ó chroí a ghlacadh leo go léir.

_____

Maeve Hogan
Príomhfheidhmeannach

Buneolas faoin Údarás

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (an tÚdarás) an 3 Aibreán 2012 de bhun an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 (an tAcht) agus is é an comhlacht reachtúil é ar a leagtar an fhreagracht as ceadúnú agus rialáil a dhéanamh maidir le tionscal na seirbhísí maoine in Éirinn.

Tá ceanncheathrú an Údaráis lonnaithe san Uaimh, Co. na Mí ó bunaíodh é agus bunaíodh an dara hoifig i gCearnóg an Easpaig, Baile Átha Cliath 2 i mí na Nollag 2013. Faoi dheireadh na bliana 2016, bhí 17.3 comhalta foirne lánaimseartha ag an PSRA chomh maith le Príomhfheidhmeannach an Údaráis.

Tá an tÚdarás neamhspleách i gcleachtadh a chuid feidhmeanna. Tá an tÚdarás faoi chathaoirleacht Geraldine Clarke, Dlíodóir, agus tá a chomhaltas comhdhéanta de thionscal na seirbhísí maoine agus ionadaithe leasa tomhaltóra.

Déantar foráil sa reachtaíocht lena mbunaítear an tÚdarás do cheadúnú líon catagóirí soláthróirí seirbhísí maoine, eadhon:

Ceantálaithe/Gníomhairí Eastáit
Daoine atá i mbun ceantála maoine seachas talamh (Ceadúnas de Chineál A) agus daoine atá i mbun talamh a dhíol, cibé bealach ina ndéantar é (Ceadúnas de Chineál B)

Gníomhairí Ligin
Daoine atá i mbun talamh a ligean (Ceadúnas de Chineál C)

Gníomhairí Bainistíochta
Daoine atá i mbun seirbhísí bainistíochta a sholáthar thar ceann Comhlachtaí Bainistíochta (Ceadúnas de Chineál D).

Comhaltas an Údaráis

Ní mór don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, aird a thabhairt le linn comhaltaí a bheith á gceapadh ar an Údarás faoin Acht, ar a inmhianta is atá a gcuid eolais nó an taithí atá acu ar ghnóthaí tomhaltóra, cúrsaí gnó, airgeadais, bainistíochta nó riaracháin nó ar aon ábhar eile, i dtuairim an Aire, a chuideodh leis an Údarás a chuid feidhmeanna faoin Acht a chomhlíonadh.

Forordaítear faoin Acht freisin, áfach, nach mór an méid seo a leanas a thabhairt san áireamh maidir le comhaltas an Údaráis:
(a) daoine atá ina n-ionadaithe do dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí maoine a bheidh i 3 dhuine acu ar a mhéad, agus
(b) daoine a bhfuil eolas agus taithí ar ghnóthaí tomhaltóirí a bheidh i 3 dhuine acu ar a laghad.
Comhlíonann comhaltas an Údaráis an ceanglas reachtúil a bhfuil imlíne tugtha ina leith thuas.

Áiríodh i gComhaltas an Údaráis suas go dtí 3 Aibreán, 2016:
Geraldine Clarke Uasal (Cathaoirleach)
Carol Boate Uasal
An tUasal Edward Carey
An tUasal Patrick Davitt
An tUasal James Doorley
Deirdre Fox Uasal
An tUasal Martin Hanratty
Josephine Henry Uasal
An tUasal Paul Mooney
An tUasal Myles O' Reilly
Regina Terry Uasal

Tháinig deireadh le tréimhse oifige seisear d'aon chomhalta dhéag an Údaráis an 3 Aibreán 2016. Cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais triúr de na comhaltaí a bhí ag dul as oifig arís, an 28 Samhain 2016 agus cheap an tAire trí chomhalta nua ar an Údarás freisin. Bíonn comhaltaí an Údaráis in oifig ar feadh téarma ceithre bliana. Amhail an 28 Samhain 2016, bhí comhaltas an Údaráis comhdhéanta d'ionadaithe nó de dhaoine a chuireann seirbhísí maoine ar fáil, a bhfuil eolas nó taithí acu ar chúrsaí tomhaltóra nó ar oifigeach de chuid an Aire iad. Áirítear ar chomhaltaí an Údaráis:

Geraldine Clarke Uasal (Cathaoirleach)
An tUasal Patrick Davitt
An Dr. Muiris Ó Céidigh
An tUasal Edward Carey
Hilary Griffey Uasal
Deirdre Fox Uasal
An tUasal Martin Hanratty
Josephine Henry Uasal
An tUasal Paul Mooney
An Dr. Aideen Hayden
Regina Terry Uasal

Cruinnithe an Údaráis

Bhí sé chruinniú ag an Údarás le linn na bliana 2016. Mar a leagtar amach thuas, tháinig deireadh le tréimhse oifige sheisear de chomhaltaí an Údaráis an 3 Aibreán, 2016. Tionóladh dhá chruinniú i míonna an Mheithimh agus Iúil ar fhreastail an cúigear comhalta a bhí fanta orthu. Ceapadh, an tIar-Chathaoirleach, Geraldine Clarke agus beirt chomhalta eile a bhí ag dul as oifig ar an Údarás arís an 28 Samhain, 2016 – Edward Carey agus Paul Mooney. Cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais trí chomhalta nua ar an Údarás freisin, an Dr. Muiris Ó Céidigh, Hilary Griffey agus an Dr Aideen Hayden.

Leagtar amach thíos mionsonraí maidir le freastal ar chruinnithe an Údaráis:

Ainm Chomhalta an Údaráis	02-Fea-16	01-Aib-16	22-Meit-16	14-Iúil-16	12-D.F.-16	19-Noll-16
Geraldine Clarke*	√	√	N/M	N/M	N/M	√
Edward Carey*	√	√	N/M	N/M	N/M	√
Paul Mooney*	√	√	N/M	N/M	N/M	√
Myles O'Reilly*	√	√	N/M	N/M	N/M	N/M
James Doorley*	√	√	N/M	N/M	N/M	N/M
Patrick Davitt	√	√	√	√	√	√
Deirdre Fox	X	X	√	√	X	√
Martin Hanratty	√	√	√	√	√	√
Josephine Henry	√	√	√	√	√	X
Regina Terry	√	√	√	√	√	√
An Dr. Muiris Ó Céidigh**	N/M	N/M	N/M	N/M	N/M	√
Hilary Griffey**	N/M	N/M	N/M	N/M	N/M	√
An Dr. Aideen Hayden**	N/M	N/M	N/M	N/M	N/M	√
Carol Boate***	X	X	N/M	N/M	N/M	N/M

√ freastal ar chruinnithe
× neamhfhreastal
N/M neamhchomhalta

*Chuir comhaltaí Údaráis, Geraldine Clarke (Cathaoirleach), Edward Carey, Paul Mooney, James Doorley agus Myles O'Reilly deireadh lena dtréimhse mar chomhaltaí an Údaráis in Aibreán 2016. Ceapadh Geraldine Clarke (Cathaoirleach), Edward Carey agus Paul Mooney ar an Údarás arís i mí na Samhna 2016.

** Ceapadh an Dr Muiris Ó Céidigh, Hilary Griffey agus an Dr Aideen Hayden ar an Údarás i mí na Samhna 2016.

*** Bhí Carol Boate ar saoire reachtúil i dtús na bliana agus chuir sí deireadh lena tréimhse oifige mar chomhalta Údaráis in Aibreán 2016.

Ról an Údaráis

Is é príomhról an Údaráis cuspóirí na reachtaíochta a fheidhmiú lena chinntiú go bhfreastalaíonn na daoine siúd ag a bhfuil ceadúnas seirbhísí maoine a chur ar fáil ar na caighdeáin is airde maidir le soláthar seirbhíse agus go mbíonn cosaint iomlán ag an tomhaltóir trí fhorálacha an Achta a chur i bhfeidhm go dian.

Áirítear ar phríomhfheidhmeanna an Údaráis:

• Rialú, maoirsiú agus rialáil a dhéanamh ar Sholáthróirí Seirbhísí Maoine (m.sh Ceantálaithe/Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta); Córas cuimsitheach ceadúnúcháin a fheidhmiú atá ag clúdach gach Soláthróir Seirbhísí Maoine;

• Caighdeáin a shainiú agus a fhorfheidhmiú le ceadúnais a thabhairt do Sholáthróirí Seirbhísí Maoine (m.sh. Caighdeáin oideachais/oiliúna; leibhéil árachais maidir le hurrús gairmiúil), agus; caighdeáin atá le sásamh ag Soláthróirí Seirbhísí Maoine maidir le seirbhísí maoine a chur ar fáil (m.sh. caighdeáin theicniúla, caighdeáin chuí eitice);

• Córas imscrúdaithe agus breithiúnais gearáin in aghaidh Soláthróirí Seirbhísí Maoine a bhunú agus a riaradh.

• Córas imscrúdaithe caighdeáin a bhunú agus a riaradh maidir le Seirbhísí Maoine a chur ar fáil;

• Smachtbhannaí a fhorchur ar Sholáthróirí Seirbhísí Maoine mar gheall ar iompar míchuí (lena n-áirítear fíneálacha suas go €250,000 agus cúlghairm ceadúnais);

• Cosaint bhreise tomhaltóra agus feasacht an phobail a chur chun cinn maidir le seirbhísí maoine go ginearálta;

• Ciste Cúitimh a bhunú, a chothabháil agus a riaradh chun cúiteamh a thabhairt do chliaint a chailleann airgead mar thoradh díreach ar mhímhacántacht Soláthróir Seirbhísí Maoine;

• Cóid Cleachtais a fhorbairt do Sholáthróirí Seirbhísí Maoine;

• Clár Poiblí na bPraghsanna Díolacháin Mhaoine a bhunú agus a chothabháil;

• Bunachar Sonraí maidir le Leasanna Tráchtála a bhunú agus a chothabháil;

• Clár Poiblí na Soláthróirí Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe a bhunú agus a chothabháil;

• Feidhmiú mar Údarás Inniúil Stáit maidir le Sciúradh Airgid;

• Cuidiú leis an Aire ó thaobh forbairt a dhéanamh ar bheartas a bhaineann le rialáil ar Thionscal na Seirbhísí Maoine; agus

• Tabhairt faoi nó coimisiúnú a dhéanamh ar thionscadail taighde.

Misean agus Luachanna

Misean

Is é misean an Údaráis rialú agus maoirseacht a dhéanamh ar Cheantálaithe, ar Ghníomhairí Eastáit, ar Ghníomhairí Ligin agus ar Ghníomhairí Bainistíochta agus leas an phobail a chosaint sa chaidreamh a bhíonn acu leo, trína chinntiú go ndéantar cothabháil ar chaighdeáin arda maidir le seirbhísí maoine a chur ar fáil.

Luachanna

Leas an Phobail

Tá an tÚdarás tiomanta a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail.

Dea-Rialachas

Tá an tÚdarás tiomanta na caighdeáin is airde rialachais agus ionracais a chomhlíonadh agus a ghnó a stiúradh ar bhealach atá éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais.

Comhairliúchán

Tá an tÚdarás tiomanta do rannpháirtíocht lena chuid geallsealbhóirí maidir le forbairt leanúnach agus seachadadh seirbhísí an Údaráis.

Tiomantas don Fhoireann

Tá an tÚdarás tiomanta do thacaíocht a thabhairt don fhoireann chun seachadadh a dhéanamh ar a chuid cuspóirí straitéiseacha agus gairm bheatha atá sásúil a fhorbairt laistigh den eagraíocht.

Plean Straitéiseach 2014 – 2017

Clúdaíonn an Chéad Phlean Straitéiseach de chuid an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine (PSRA) an tréimhse 2014 go 2017 agus leagtar amach sa Phlean na príomhshaincheisteanna nach mór don Údarás aghaidh a thabhairt orthu le linn na tréimhse seo. Cuireann an plean seo leis an obair agus leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus cuireann treochlár ar fáil do threo straitéiseach an Údaráis. Dírítear sa phlean straitéiseach ar:

- feabhas a chur ar struchtúir eagraíochtúil, ar chórais, ar nósanna imeachta, ar phrótacail, ar rialacha agus rialacháin atá bunaithe ó chuir an tÚdarás tús lena chuid oibre agus atá bunúsach d'fheidhmiú fadtéarmach an Údaráis, agus
- a chinntiú go leanfaidh creat rialála láidir ag feidhmiú sa tionscal.

Tugtar imlíne sa Phlean Straitéiseach ar ról, ar chuspóirí agus ar threo an PSRA agus tuairisc ar an dul chun cinn go dtí seo a chiallóidh trédhearcacht agus chomhsheasmhacht maidir le ceadúnú, rialáil agus rialú Soláthróirí Seirbhísí Maoine agus ó thaobh eolas a chur ar fáil do thomhaltóirí. Leagtar amach sa Straitéis freisin a bhfuil an tÚdarás ag súil lena bhaint amach agus an bealach a bhfuil sé i gceist acu mar eagraíocht na cuspóirí sin a sheachadadh. Dá bhrí sin, is doiciméad lárnach atá i gceist anseo, as a dtiocfar ar phleanáil gnó na heagraíochta, ar bhainistíocht feidhmíochta agus ar fhorbairt. Tá glactha ag an Údarás leis na príomhchuspóirí seo a leanas:

CUSPÓIR 1:	Cothabháil a dhéanamh ar chóras cuimsitheach ceadúnaithe do Sholáthróirí Seirbhísí Maoine;
CUSPÓIR 2:	Cothabháil a dhéanamh ar chóras imscrúdaithe agus breithiúnais ar chaighdeáin maidir le seirbhísí maoine a chur ar fáil;
CUSPÓIR 3:	Feasacht an phobail ar an Údarás a chur chun cinn;
CUSPÓIR 4:	Cothabháil a dhéanamh ar Chláir Phoiblí;
CUSPÓIR 5:	A bheith éifeachtúil maidir leis an leas a bhaintear as acmhainní daonna, airgeadas, bainistíocht agus an teicneolaíocht; agus
CUSPÓIR 6:	A chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm na beartais, na struchtúir agus na nósanna imeachta cuí maidir le rialachas corparáide.

Cuspóir Straitéiseach 1 a Chur Chun Cinn

Cothabháil a dhéanamh ar chóras cuimsitheach ceadúnaithe do Sholáthróirí Seirbhísí Maoine

Ceadúnais

Foráiltear leis an Acht nach mór d'aon duine a sholáthraíonn seirbhísí maoine in Éirinn ceadúnas a bheith acu ón Údarás agus áirítear an méid seo a leanas sa sainmhíniú maidir le seirbhísí den sórt sin:

- ***Maoin seachas Talamh a chur ar Ceant (Ceadúnas de Chineál A)***
- ***Ceannach/Díol Talún – cibé bealach (Ceadúnas de Chineál B)***
- ***Ligean Talún (Ceadúnas de Chineál C), agus***
- ***Soláthar Seirbhísí Bainistíochta Maoine (Ceadúnas de Chineál D)***

Eisíonn an tÚdarás ceithre chineál ceadúnas a thagann leis na cheithre chineál seirbhísí maoine a shainmhínítear san Acht. Féadfaidh aon duine iarratas a dhéanamh ar aon cheadúnas amháin nó ar níos mó ceadúnais gan aon chostas breise. Ní mór ceadúnais a athnuachan ar bhonn bliantúil.

Chuir an tÚdarás tús le ceadúnú seirbhísí maoine sa bhliain 2012 agus leantar, ag deireadh na bliana 2016, le sruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas le go bhfeidhmeoidh sé ar bhealach atá níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Mar gheall gur i lár na bliana 2012 a bunaíodh an tÚdarás, is gnáth le téarmaí ceadúnas bliantúil níos mó ná bliain fhéilire amháin a chlúdach. Mar thoradh air sin, tá sé riachtanach ar mhaithe leis an gcomparáid idir blianta ceadúnais, na staitisticí maidir le cúrsaí ceadúnaithe a chur i láthair lasmuigh den tréimhse tuairiscithe atá i gceist. Fuarthas 8,380 iarratas ar an iomlán ar cheadúnais sa tréimhse ón 6 Iúil 2012 go deireadh na bliana 2016. Astu sin, tugadh ceadúnas i 7,366 chás, diúltaíodh 934 iarratas agus tá 80 iarratas nua faoi athbhreithniú. As na ceadúnais a eisíodh ó mhí Iúil 2012, ní dhearnadh athnuachan ar 1,587 gceadúnas nó scor siad de bheith ag trádáil faoi dheireadh na bliana 2016.

Ceadúnais Nua

Bhí tionchar thar na bearta ag an gcúlú geilleagrach ar earnáil na seirbhísí maoine. Go sonrach, áfach, mar gheall ar an gcor chun feabhais sa gheilleagar, tá an tÚdarás ag eisiúint ceadúnais nua dóibh siúd ar mian leo oibriú in earnáil na seirbhísí maoine anois. Imlínítear i gCairt 1 gur eisigh an tÚdarás 470 ceadúnas nua sa bhliain 2016 i gcomparáid le 485 sa bhliain 2015 agus 517 sa bhliain 2014. Is ábhar dóchais don Údarás é seo mar go léiríonn sé tuiscint na hearnála maidir leis an riachtanas ceadúnas a bheith ag duine atá ag cur seirbhís mhaoine ar fáil.

Cairt 1 Ceadúnais Nua atá Eisithe



Athnuachan Ceadúnais

Faoi dheireadh na bliana 2015, cuireadh tús le hobair ar chóras ceadúnais agus íocaíochta ar líne a chuir an Post ar fáil trí Licences.ie. Chomhaontaigh an tÚdarás tús a chur leis an tionscadal ar líne le hiarratais ar cheadúnais a athnuachan mar chuid de Chéim 1 agus de Chéim 2 den tionscadal le haghaidh a thabhairt ar iarratais ar cheadúnais nua. Áirítear ar bhuntáistí díreacha an tionscadail seo:

- Comhlíonadh beartas Ríomhíocaíochta Rialtais;
- Deireadh a chur le calaois;
- Laghdú suntasach sa leibhéal aisíocaíochta;
- Deireadh a chur le 6,500 foirm iarratais a bhí á gcomhlánú de láimh;
- Lánpháirtiú iomlán trí iarratais athnuachana ceadúnais ar líne, íocaíocht táille ceadúnais agus ranníocaíocht leis an gCiste Cúitimh le bunachar ceadúnais an PSRA;
- Éifeachtúlacht níos fearr ó thaobh ceadúnais a eisiúint;
- Coigilteas ar chostais foirne mar thoradh ar éifeachtúlachtaí an tionscadail.

Tar éis rannpháirtíocht dhearfach idir an tÚdarás agus an Post agus Rannóg IT na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, tháinig Céim 1 den tionscadal seo i bhfeidhm in Aibreán 2016. Chuir sé seo ar chumas ceadúnaithe a gcuid ceadúnas a athnuachan agus a íoc agus ranníocaíocht a dhéanamh ar líne leis an gCiste Cúitimh.

Cuireadh saoráid íocaíochta ar líne ar fáil, mar chuid den tionscadal seo, áit ar féidir táillí ceadúnais agus ranníocaíochtaí a íoc ar líne leis an gCiste Cúitimh le cárta dochair/cárta creidmheasa nó trí Ríomhaistriú Airgid (EFT). Mar fhreagra ar aiseolas ón earnáil, trí fhorbairt bhreise, cuireadh an tsaoráid ar líne seo ar fáil d'fhostóirí freisin, a dhéanann íocaíochtaí den sórt sin go minic thar ceann a gcuid fostaithe. Rinne an córas athnuachana ceadúnais agus íocaíochta ar líne na próisis a dhéantar de láimh agus an páipéarachas a bhí i gceist roimhe seo le próiseáil iarratais a laghdú go suntasach, leis an fhianaise dhoiciméadach go léir (Tuairisc na gCuntasóirí, Árachas maidir le hUrrús Ghairmiúil, Deimhniú Corparáide) a bhaineann le hiarratais ceadúnais á chur faoi bhráid go leictreonach. Tá na próisis go léir a bhaineann le hathnuachan ceadúnais maidir le ceadúnais fostaí agus fostóra araon á gcomhlánú ar líne.

Rinne an tÚdarás, agus é ag ullmhú le tabhairt faoi na dúshláin ba mhó ó tugadh isteach ceadúnú, forbairt ar fheachtas cuimsitheach rannpháirtíochta le ceadúnaithe agus leis an earnáil iomlán. Go luath sa bhliain 2016, reáchtáil an tÚdarás seimineáir ar bhonn náisiúnta agus tapaíodh an deis le léiriú agus eolas a thabhairt do cheadúnaithe maidir leis an gcóras nua. Ar mhaithe le hinrochtaineacht agus praiticiúlacht, rinne an tÚdarás líon físeáin ar líne a fhorbairt chun treoir céim ar chéim a bhain leis an bpróiseas ar líne a chur ar fáil. Bunaíodh deasc chabhrach tiomanta agus cuireadh an deasc chabhrach sin ar fáil do cheadúnaithe chun cúnamh a thabhairt maidir leis an aistriú chuig an gcóras athnuachana ceadúnais ar líne. Ullmhaíodh agus foilsíodh bileoga treoracha ar láithreán gréasáin an Údaráis a chuir an t-eolas go léir a bhí ag teastáil ar fáil. Bhí an tacaíocht a chuir Foras na gCeantálaithe & Luachálaithe Gairmiúla na hÉireann (IPAV) agus Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann (SCSI) araon ar fáil ina bhuntáiste mór ó thaobh cabhair a thabhairt dá gcuid comhaltaí le haistriú a dhéanamh chuig an gcóras nua. Sa bhreis air sin, chuir

an tÚdarás saoráid ar fáil le cúnamh praiticiúil a thabhairt chun iarratais a uaslódáil do cheadúnaithe a raibh saincheisteanna acu maidir le leathanbhanda.

Mar a chéile le haon chóras nua eile, bhí roinnt mionfhadhbanna leis an gcóras i dtús báire, lena n-áirítear, easpa eolais ar an gcóras, moill maidir le heolas a uaslódáil, agus teacht ar phasfhocal agus ar PIN. Bhí an riachtanas maidir le mionsonraí uimhir rochtana maidir le himréiteach cánach a chuir ar fáil ar an gcóras athnuachana ceadúnais nua mar chúis le roinnt moille freisin. Éilítear ar gach eintiteas gnó, ar stiúrthóirí agus ar chomhpháirtithe, mar chuid den phróiseas ceadúnas, a gcuid dualgas cánach a chomhlíonadh agus bhain an tÚdarás leas as próiseas fíoraithe imréitigh cánach nua ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim a tugadh isteach i mí na Nollag 2015. Maidir leis sin, éilíodh ar gach fostóir/stiúrthóir/comhpháirtí ceadúnaithe mionsonraí maidir lena gcuid Uimhreacha Rochtana Imréitigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim (TCAN'nna) agus Uimhreacha Tagartha Cánach a chur faoi bhráid le cur ar chumas an Údaráis tabhairt faoi sheiceálacha maidir le himréiteach cánach ar líne. Ní raibh mórán eolais ag líon suntasach de cheadúnaithe ar phróiseas nua na gCoimisinéirí Ioncaim agus cuireadh go leor glaonna agus fiosrúcháin chuig an deasc chabhrach mar gheall air sin.

Chuir comhlachtaí ionadaíocha agus ceadúnaithe fáilte mhór roimh an gcóras agus rinneadh saincheisteanna ó thaobh luas a chur le hathnuachan ceadúnais a éascú. Eisíodh thart ar 85.4% d'athnuachaintí ceadúnais faoi dheireadh mhí Lúnasa na bliana 2016, athnuachaintí iad seo a cuireadh faoi bhráid i mí na Bealtaine 2016 i gcomparáid le 73.1% thar an tréimhse ama chéanna sa bhliain 2015. Táthar ag súil go leanfaidh feabhas ag teacht ar an achar a thógann sé ceadúnais a eisiúint, de réir mar a theann ceadúnaithe i dtaithí ar an gcóras ar líne agus de réir mar a thagann ardú ar inniúlacht fhoireann an Údaráis ó thaobh iarratais a phróiseáil.

I ndáil leis an bpróiseas athnuachana ceadúnais don bhliain 2016, rinneadh próiseáil ar an líon ba mhó riamh d'athnuachaintí ceadúnais ó chuir an tÚdarás tús le ceadúnú sa bhliain 2016. Rinneadh próiseáil ar 5,029 iarratas ar an

iomlán maidir le ceadúnas a athnuachan sa bhliain 2016 arbh ionann é agus ardú 1.6% ar an líon athnuachan ar thug an tÚdarás faoi sa bhliain 2015. Is ionann é sin agus ardú 6% i líon na gceadúnas athnuachana a rinneadh próiseáil orthu idir na blianta 2014 agus 2015.

Curtha i dtoll a chéile le líon iomlán na gceadúnas nua a eisíodh, líon na bhfógraí athnuachana agus líon na gceadúnas le hathnuachan a bhfuiltear ag feitheamh ar bhreis eolais ina leith, leagtar amach i gCairt 2 go raibh 5,779 ceadúnas gníomhacha ar an iomlán ann ag deireadh na bliana 2016 i gcomparáid le 5,668 ceadúnas sa bhliain 2015 arbh ionann é agus ardú foriomlán 1.9% ar fud na gcineálacha éagsúla ceadúnais go léir. Tháinig ardú 6% ar líon na gceadúnas gníomhach ar fud na gcineálacha éagsúla ceadúnais go léir idir na blianta 2014 agus 2016.

Cairt 2 Staid na gCeadúnas amhail 31 Nollaig, 2016



Neamh-athnuachan

Leagtar amach i gCairt 3 an leibhéal neamh-athnuachana do na blianta 2014, 2015 agus 2016. Sa bhliain 2016 ní dhearna líon iomlán de 439 (7.75%) ceadúnaí athnuachan ar a gcuid ceadúnas, i gcomparáid le neamh-athnuachan ceadúnas sa bhliain 2015 de 331 (6.7%) agus 392 (8.4%) de cheadúnaithe sa bhliain 2014. Is féidir é sin a mhíniú de bheagán trí fhéachaint ar líon na

gceadúnaithe a bheith ag dul ar scor ón earnáil. Luann ceadúnaithe easpa téarnamh san earnáil freisin mar chúis le neamh-athnuachan ceadúnais.

Níor dhiúltaigh an tÚdarás don oiread iarratas ar cheadúnais a athnuachan sa bhliain 2016 i gcomparáid leis na blianta 2015 agus 2014. Is mar gheall ar bhreis eolais ar na riachtanais go léir a bhaineann le ceadúnas a athnuachan agus na cáilíochtaí agus na doiciméid chuí a bheith ar fáil ag tráth an cheadúnaithe é sin.

Cairt 3 Comparáid maidir le ceadúnais nár iarradh a athnuachan nó iarratais ar athnuachan a diúltaíodh



Diúltú Ceadúnais

Tá an tÚdarás ag diúltú iarratais ar cheadúnais nua i gcónaí. Áirítear i measc an gcúiseanna le hiarratas ar an gcéad cheadúnas a dhiúltú, gan an caighdeán cáilíochta a bhaint amach, tuairisc ón gcuntasóir neamhiomlán, gan deimhniú maidir le himréiteach cánach a bheith ar fáil agus sa chás nach gcuirtear an t-eolas breise a bhíonn á lorg ag an Údarás ar fáil. I ngach cás, tacaíonn an tÚdarás le hiarratasóirí nua, breithníonn go hiomlán an t-eolas agus na doiciméid a chuirtear faoina bhráid maidir lena n-iarratas ar cheadúnas sula ndéantar cinneadh críochnaitheach ar gach iarratas.

Achomhairc maidir le hlarratais ar Cheadúnais Nua

Rinneadh 110 iarratas ar cheadúnas nua ar an iomlán a dhiúltú sa bhliain 2016, i gcomparáid le líon cosúil leis (110) iarratas ar cheadúnas nua a diúltaíodh sa bhliain 2015, diúltaíodh 141 iarratas sa bhliain 2014 agus 527 sa bhliain 2013. Léiríonn an caighdeán níos fearr a bhí ar na hiarratais ar cheadúnais nua a fuarthas, go bhfuil tuiscint níos fearr ag iarratasóirí anois ar na riachtanais agus ar na caighdeáin atá de dhíth ar an Údarás sula n-eisítear ceadúnais.

Rinneadh 21 achomharc ar an iomlán maidir le ceadúnais sa bhliain 2016 i gcomparáid le 13 achomharc maidir le ceadúnais sa bhliain 2015 leis an mBord Achomhairc Seirbhísí Maoine (PSAB) maidir le cinneadh an Údaráis iarratais ar cheadúnais a dhiúltú. Seo a leanas torthaí na gcásanna seo chuig an mBord Achomhairc:

- I 6 chás tarraingíodh siar cinneadh an Údaráis;
- I 9 gcás seasadh le cinneadh an PSRA;
- In 2 chás, moladh don PSRA an t-iarratas ar cheadúnas a bhreithniú arís:-
    - Maidir leis na hachomhairc seo, agus tar éis tuilleadh rannpháirtíochta leis an iarratasóir, rinne an tÚdarás leasú ar a chinneadh agus d'eisigh ceadúnais nua tar éis don iarratasóir eolas tacaíochta breise a chur ar fáil.
- I gcás amháin tarraingíodh siar an t-achomharc ón PSAB mar cheadúnas a eisíodh ar bhonn eolas breise a chur faoi bhráid an PSRA.
- I gcás amháin, chuir an t-achomharcóir eolas breise faoi bhráid an PSRA agus eisíodh ceadúnas ina dhiaidh sin.
- I 2 chás, bhí an t-achomharc faoi bhráid an PSAB faoi dheireadh na bliana 2016.

Dáileadh Ceadúnas Gnó de réir Catagóire

Léirigh anailís ar dháileadh an 5,779 ceadúnas a eisíodh le linn na bliana 2016 maidir le fostaithe agus fostóirí, gur bhain 3,918 (67.8%) de na ceadúnais go léir a eisíodh le linn na bliana 2016 le fostaithe. Léiríonn Cairt 4 1,861 ceadúnas ar an iomlán a dáileadh ar fhostóirí a bhí comhdhéanta de chuideachtaí, comhpháirtíochtaí, trádálaithe aonair agus conraitheoirí neamhspleácha.

Laistigh den ghrúpa seo, is ag cuideachtaí atá an líon is airde ceadúnas fostóra, thart ar 53.3% agus ina dhiaidh ag conraitheoirí neamhspleácha, is ionann é seo agus 28% de na ceadúnais a eisíodh ar fhostóirí. Ba é 32.2% an briseadh síos i gcomhréir leis na ceadúnais a eisíodh d'fhostóirí agus 67.8% d'fhostaithe sa bhliain 2016. Ba é an briseadh síos d'Fhostóirí 32.9% agus d'Fhostaithe 67.1% sa bhliain 2015. Sa bhliain 2014 ba iad na figiúirí faoi seach ná 34% d'Fhostóirí agus 66% d'Fhostaithe.

Cairt 4 Ceadúnais Ghnó de réir Catagóire do 2016



Cineál Ceadúnais

Sa bhliain 2016, dheonaigh an tÚdarás 5,779 ceadúnas ar an iomlán i gcomparáid le 5,668 ceadúnas sa bhliain 2015. Léirítear an líon ceadúnas a d'eisigh an tÚdarás sa bhliain 2016 i gCairt 5 agus tá catagóiriú déanta orthu de réir cineál na gceadúnas. Áirítear ar chatagóirí ceadúnais, ceadúnas aonchineálach agus meascán de na cineálacha ceadúnais go léir. Taispeánann an Chairt seo an t-ardú suntasach atá tagtha ar líon na gceadúnaithe a bhfuil meascán de chineálacha ceadúnais acu maidir le cineálacha ABCD, BCD agus ceadúnas de chineál A amháin. Léirítear freisin an laghdú suntasach atá tagtha ar líon na gceadúnaithe a bhfuil ceadúnais acu maidir le cineál D amháin agus ceadúnas de chineál C amháin.

Cairt 5 Dáileadh de réir an chineáil ceadúnais a eisíodh in 2014 - 2016



Ar an iomlán, bhí feabhas suntasach ar fhreagra na gceadúnaithe maidir leis na ceanglais atá riachtanach le ceadúnas a fháil in 2016. In ainneoin an fheabhais sin, is údar imní i gcónaí é nach bhfuil tuiscint iomlán ag go leor de lucht an tionscail ar na himpleachtaí atá i gceist má theipeann orthu na hoibleagáidí atá orthu faoin Acht a chomhlíonadh go hiomlán. Chun na críche sin, reáchtáil an tÚdarás feachtais sna meáin chun béim a chur ar an gceanglas atá ar dhaoine atá ag soláthair seirbhísí maoine ceadúnas a bheith acu agus tá an tÚdarás ag dul i ndiaidh na ndaoine sin nach bhfuil ceadúnais acu.

Ó Bunaíodh an tÚdarás agus go háirithe le linn na bliana 2016, tá gach deis tapaithe ag an bPríomhfheidhmeannach le freastal ar chomhdhálacha lucht tionscal leis an teachtaireacht maidir le comhlíonadh an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 a chur chun cinn. Thug na himeachtaí sin deis don Údarás treoir agus cúnamh a chur ar fáil maidir le hábhair a bhí ina n-údar imní do cheadúnaithe. Is maith is eol don Údarás, áfach, nach bhfuil gach ceadúnaí ina gcomhaltaí de chomhlacht ghairmiúil, seolann an tÚdarás litir chumhdaigh chuig ceadúnaithe nuair a bhíonn ceadúnais á n-eisiúint a meabhraíonn do cheadúnaithe na dualgais reachtúla atá orthu agus ar na himpleachtaí atá i gceist má theipeann orthu na dualgais sin a chomhlíonadh. Seolann an tÚdarás nuachtlitreacha chuig na ceandúnaithe go léir ar ríomhphost freisin chun iad a choinneáil ar an eolas maidir le ceanglais cheadúnais.

Cuspóir Straitéiseach 2 a Chur Chun Cinn

Cothabháil a dhéanamh ar chóras imscrúdaithe agus breithiúnais ar chaighdeáin maidir le seirbhísí maoine a chur ar fáil

Imscrúduithe

Tá imscrúdú a dhéanamh ar Sholáthróirí Seirbhísí Maoine ina ghné lárnach de chumhachtaí rialála an Údaráis. Tá trí chineál imscrúdaithe ann ar féidir leis an Údarás tabhairt fúthu, eadhon:

- imscrúdú a dhéanamh ar sheirbhísí maoine a bheith á gcur ar fáil go mídhleathach ag soláthróirí neamhcheadúnaithe seirbhísí,
- imscrúdú a dhéanamh ar chaighdeáin maidir le soláthar seirbhísí maoine agus comhlíonadh reachtaíochta ag soláthróirí ceadúnaithe seirbhísí,
- Imscrúdú a dhéanamh agus breithiúnas a thabhairt ar ghearáin atá déanta in aghaidh soláthróirí ceadúnaithe seirbhísí maoine.

De réir Alt 28 den Acht is cion atá ann seirbhísí maoine a sholáthar, a fhógairt nó a thairiscint gan an ceadúnas cuí. Bíonn imscrúdú a dhéanamh ar dhaoine a chuireann seirbhísí maoine ar fáil gan an ceadúnas cuí teoranta d'fháil amach an bhfuil an duine atá i gceist ag cur seirbhís mhaoine ar fáil mar a shainmhínítear san Acht agus an bhfuil nó nach bhfuil an tseirbhís sin á cur ar fáil ar mhaithe le comaoin (íocaíocht). A luaithe is a dheimhnítear an dá fhíric sin is faoin Údarás atá sé ionchúiseamh a thabhairt os comhair na gcúirteanna maidir le sárú Alt 28 den Acht.

Is de dheoin an Údaráis féin a dhéantar caighdeáin maidir le soláthar seirbhísí maoine agus comhlíonadh reachtaíochta soláthróirí seirbhísí maoine a scrúdú. Tá scrúdú i gceist leo seo maidir le cibé a raibh nó nach raibh ceadúnú rannpháirteach in "iompar míchuí" nó cibé ar sháraigh nó nár sháraigh an ceadúnaí an tAcht.

Baineann an tríú cineál imscrúdaithe le "hiompar míchuí" amháin a eascraíonn mar gheall ar ghearán a rinneadh faoin Soláthróir Seirbhísí Maoine. Leagtar amach an bunchreat dlíthiúil agus na nósanna imeachta do na cineálacha seo imscrúdaithe i gCuid 7 den Acht. Go hachomair, clúdaíonn siad seo:

- na himthosca agus an bealach ina bhféadfaidh an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh ar “iompar míchuí”, mar a shainmhínítear, ag Soláthróir Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine;
- na cumhachtaí ag cigirí chun dul isteach agus imscrúdú a dhéanamh atá ceaptha ag an Údarás le tabhairt faoi imscrúduithe agus dualgais na gCigirí sin;
- na dualgais atá ar an Údarás tar éis den imscrúdú a bheith tugtha chun críche; agus
- na nithe a bheidh le breithniú ag an Údarás breithniú nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh de bhun thuarascáil an Chigire agus na smachtbhannaí a bheidh le forchur.

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach féidir leis an Údarás tabhairt faoi imscrúdú ach amháin i ndáil le “hiompar míchuí” a líomhnaítear in aghaidh soláthróir seirbhíse maoine, a shainmhínítear san Acht, mar a leanas:

> “(a) an soláthróir seirbhíse do dhéanamh gnímh a fhágann nach duine inniúil cuí an soláthróir seirbhíse a thuilleadh chun seirbhísí maoine a sholáthar
> (b) an soláthróir seirbhíse do dhéanamh sárú ar cheachtar de na hailt seo a leanas den—
> Alt 28(1), 29(9), 31(5), 37(1), (2), (4), (5), (6) nó (7), 41(1), 43(1), (2) nó (3), 44, (2), 56(1), 57(1), 58(3), 59(1), 60(1), 61, nó 81(1) nó (2),
> nó
> (c) an soláthar seirbhíse do dhéanamh sárú ar fhoráil de rialacháin a dhéantar faoi alt 46, 62 nó 95 den Acht,
> (d) an soláthróir seirbhíse do dhéanamh ráitis maidir le margadhluach comhairlithe nó maidir le luach comhairlithe ligin talún ar léir a bheith míréasúnach.”

Gearáin

Fuair an tÚdarás 285 gearán le linn na bliana 2016, ardú de bheagán ar an 283 gearán a fuarthas sa bhliain 2015. Áirítear tuarascálacha san fhigiúr seo maidir le seirbhís mhaoine a sholáthar gan cheadúnas. Leagtar amach i gCairt 6 na gearáin go léir a fuarthas ó mhí Iúil 2012 go 31 Nollaig 2016 (taispeántar figiúirí comhionanna don 31 Nollaig 2016 freisin chun críocha léirithe);

Cairt 6 Stádas na nGearán a fuarthas go dtí an 31 Nollaig, 2016.

Stádas an Ghearáin	31 Noll 16	31 Noll 15
Céim Thosaigh na Measúnachta	148	410
Céim Chigireachta	186	130
Tugtha chun críche - Diúltaithe/Níor Glacadh/ Suaibhreosach/Cráiteach agus lasmuigh de na Téarmaí Tagartha	862	398
Socraithe/Comhaontaithe idir na Páirtithe	14	13
Tarraingthe siar ag an nGearánaí	53	30
Ag Feitheamh ar Achomharc	5	5
Achomharc Tarraingthe Siar	13	-

In ainneoin na ndúshlán leanúnach maidir leis na hacmhainní atá ar fáil, léirítear i gCairt 6 an dul chun cinn suntasach atá déanta maidir le riaráiste na gcásanna gearán a laghdú sa dá phríomhréimse:

(i) líon na ngearán a tugadh chun críche gan aon ghá le himscrúdú agus

(ii) líon na ngearán atá fós ag an gCéim Thosaigh Measúnachta le “cinneadh a dhéanamh maidir lena n-ord tosaíochta”.

Rinneadh dul chun cinn maidir leis an ngné thábhachtach seo d’obair an Údaráis trí acmhainní na foirne inmheánaí a bheith ar fáil mar thoradh ar an tionscnamh athnuachana ceadúnais ar líne a raibh cur síos air ag tús na tuarascála seo, agus tá níos mó ama ag an bhfoireann anois chun tabhairt faoi thograí eile.

Faoi dheireadh na bliana 2016 bhí 862 ar an iomlán nó 67% de na gearáin a fuarthas go dtí seo tugtha chun críche gan aon ghá le cigire a cheapadh le himscrúdú a stiúradh. Tá sé sin i gcomparáid leis na 398 nó 40% de chásanna sa bhliain 2015. Thug an tÚdarás míniú i ngach cás den sórt sin ar na cúiseanna nárbh fhéidir tabhairt faoi imscrúdú, go príomha, mar gheall nár tháinig ábhar an ghearáin laistigh den sainmhíniú ar “iompar míchuí” mar a shonraítear san Acht. Is féidir cinneadh an Údaráis diúltú tabhairt faoi imscrúdú a achomharc chuig an mBord Achomhairc Seirbhísí Maoine.

Ag deireadh na bliana, bhí 148 nó 12% de na gearáin a fuarthas ag fanacht leis an mheasúnacht thosaigh le cinneadh a dhéanamh ar chóir iad a dhiúltú nó a imscrúdú (glan ar na 285 gearán a fuarthas le linn na bliana 2016). Ba 410 nó 42% de na cásanna go léir iad na figiúirí comhionanna ag deireadh na bliana 2015. I roinnt cásanna, áirítear sa mheasúnacht thosaigh soiléiriú a lorg ón gceadúnaí nó ón ngearánaí sula ndéantar cinneadh. Tapaíonn an tÚdarás an deis freisin ag an gcéim seo lena mheabhrú don dá pháirtí go bhféadfaí a theacht ar shocrú neamhfhoirmiúil mar atá in alt 63(2)(c) den Acht.

Measadh go raibh gá le himscrúdú i 186 cás, agus cuireadh iad sin ar siúl nuair a ceapadh cigire nó bhíothas ag fanacht le cigire a cheapadh ag deireadh na bliana. Rinneadh roinnt dul chun cinn sa réimse seo freisin agus mar thoradh ar an dul chun cinn seo bhí acmhainní na foirne inmheánaí ar fáil de bharr an laghdaithe a bhí ar líon na gcásanna ina raibh gá le measúnacht thosaigh nó “cinneadh a dhéanamh maidir lena n-ord tosaíochta” i gceist leo. Sa bhreis air sin, sa leath deiridh den bhliain 2016, rinne an tÚdarás roinnt den obair imscrúdaithe seo a sheachfhoinsiú agus táthar ag súil go leanfar leis seo sa bhliain 2017. D’fhostaigh an tÚdarás, tar éis comórtas tairisceana a bhí iomaíoch, seirbhísí cuideachta a fhostaíonn Imscrúdaitheoirí le taithí leathan i dtabhairt faoi imscrúduithe de chineálacha difriúla le gníomhaireachtaí Stáit éagsúla.

Faoi dheireadh na bliana 2016, bhí ualach na gcásanna laghdaithe go suntasach i dtéarmaí uimheartha agus céatadáin araon. Bhí 334 cás oscailte ag deireadh na bliana 2016, nó 26% den líon cásanna a fuarthas. Cuirtear sin i gcomparáid leis an staid amhail an 31 Nollaig 2015 tráth a raibh 540 nó 55% de na 981 cás a fuarthas, oscailte ag an bpointe sin.

Cairt 7

Cúiseanna a bhí leis na Gearáin a fuarthas suas go dtí 31 Nollaig, 2016

Catagóir	Líon na nGearán	% den Iomlán
Soláthar seirbhíse (Ní raibh an gearánaí sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil)	428	33%
Oibríocht gan cheadúnas (Déantar trádáil neamhcheadúnaithe a thuairisciú, nó déantar gearán maidir le trádáil neamhcheadúnaithe, nó gearán maidir le gnó gan cheadúnas)	359	28%
Airgead á choinneáil ag an Soláthróir Seirbhíse Maoine	300	23%
Táillí nó eisíocaíochtaí (Tá an gearánaí míshásta le méid na dtáillí atá á ngearradh/nó le méid na n-eisíocaíochtaí atá á dtabhú)	170	13%
Iompar Eiticiúil (Mothaíonn an gearánaí nach raibh iompar an tSoláthróra Seirbhísí Maoine eiticiúil)	150	12%
Litir Fostaíochta (Ní raibh an Litir Fostaíochta ar fáil nó bhí an Litir easnamhach ar shlí éigin)	131	10%
Cuntas Cliaint (Líomhain iompar míchuí maidir le feidhmiú Cuntas an Chliaint)	69	5%

Chlúdaigh ábhar na ngearán raon leathan saincheisteanna. Taispeántar i gCairt 7 seacht gcinn de na catagóirí is coitianta inar féidir gearán a dhéanamh ina leith, bunaithe ar ábhar an ghearáin. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird, agus léirmhíniú á thabhairt ar uimhreacha agus ar chéatadáin sa chairt, go bhféadfadh gearán a bheith ilghnéitheach agus dá bhrí sin, go bhféadfadh an gearán a theacht faoi níos mó ná aon chatagóir amháin. Mar sin féin, is táscaire maith atá sa chairt maidir le hábhar na ngearán agus na dtuarascálacha nach mór don Údarás measúnú agus imscrúdú a dhéanamh orthu. Tá an t-iompar agus an t-easnamh a dhéantar gearán ina leith i roinnt de na catagóirí, mar shampla, Soláthar Seirbhíse agus Iompar Eiticiúil, oscailte maidir lena léirmhíniú. D'fhéadfadh sé go mbeadh an gearánaí míshásta i ndáiríre nó go bhfuil

siad den tuairim gur caitheadh go dona leo agus iad ag déileáil leis an soláthróir seirbhíse, ach go bhféadfadh sé nach dtiocfadh sé seo faoi shainmhíniú an Achta ar “iompar míchuí” atá in alt 2 den Acht. Sainmhíníonn an difríocht seo idir an dearcadh maidir le héagóir agus cad atá i gceist le hiompar míchuí, cuid mhór, an líon réasúnta ard gearáin ar dhiúltaigh an tÚdarás iad a imscrúdú mar a taispeánadh níos túisce i gCairt 6.

Mór-smachtbhannaí

Rinneadh soláthróir seirbhíse maoine i gContae Chill Mhantáin a imscrúdú nuair a rinneadh gearán ina leith in Aibreán na bliana 2014, inar líomhnaítear nár tugadh éarlais áirithinte substaintiúil ar ais do chliant ceadúnaí nuair nár díoladh an mhaoin. Rinne an tÚdarás idirghabháil láithreach leis an soláthróir seirbhíse chun a chinntiú go raibh airgead an chliant slán, agus d’éiligh ar an gceadúnaí an t-airgead a thabhairt ar ais don chliant.

Leanadh leis an imscrúdú ag an am céanna le hidirghabháil an Údaráis, agus cuireadh tuarascáil imscrúdaithe faoi bhráid an Údaráis. Breithnigh an tÚdarás an tuarascáil seo an 14 Iúil 2016, agus bhí an tÚdarás sásta gur tharla iompar míchuí a d’eascair, *inter alia,* as droch-bhainistíocht an cheadúnaí ar airgead an chliant. Thóg an tÚdarás nithe éagsúla san áireamh agus iad ag déanamh cinneadh maidir leis an smachtbhannaí cuí, lena n-áirítear, nár fhulaing aon chliant de chuid an cheadúnaí aon chailliúint airgid ar bhonn buan. Rinne an tÚdarás mór-smachtbhannaí a fhorchur agus thug treoir don cheadúnaí suim €25,000 a íoc isteach sa Chiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine. Mar a cheanglaítear faoi alt 71(2) den Acht, dheimhnigh an Ard-Chúirt cinneadh an Údaráis smachtbhannaí a fhorchur an 20 Deireadh Fómhair 2016.

D’aontaigh an ceadúnaí freisin socrú a dhéanamh lena bhféadfaidh gnólacht cuntasóirí neamhspleách tuairisciú don Údarás maidir le feidhmiú cuntas an chliaint ar bhonn ráithiúil ar feadh dhá bhliain. Ní raibh aon údar imní sna tuarascálacha a cuireadh ar fáil suas go deireadh na bliana maidir leis an gcaoi a raibh airgead na gcliant a láimhsiú.

Achomharc maidir le Gearáin

Foráiltear san Acht do phróiseas achomhairc neamhspleách, faoinar féidir leis an mBord Achomhairc Seirbhísí Maoine (BSAB) éisteacht agus cinneadh a dhéanamh maidir le hachomhairc in aghaidh na gcinntí seo a leanas de chuid an Údaráis.

(a) Diúltú ceadúnas a eisiúint ar an fhoras nach duine cuí ceart an duine chun an tseirbhís maoine lena mbaineann a sholáthar nó nach gcomhlíonann an duine aon cheanglas de chuid an Achta;
(b) Diúltú imscrúdú a dhéanamh maidir le gearán faoi alt 63(2);
(c) Mion-smachtbhannaí a fhorchur faoi alt 68(4)(a);
(d) Gearán a dhíbhe faoi alt 68(4)(c); agus
(e) Diúltú deontas a thabhairt, nó a bhaineann le méid an deontais a thugtar, as an gCiste Cúitimh.

Is féidir le haon duine, lena n-áirítear duine dleathach nó cuideachta a bhfuil éagóir déanta ag cinneadh de chuid an Údaráis orthu, achomharc a dhéanamh leis an PSAB laistigh de 30 lá ó fhaightear cinneadh an Údaráis. Ní mór achomharc a dhéanamh i scríbhinn, agus an t-achomharc a sheoladh chuig Rúnaí an Bhoird Achomhairc, agus na forais lena ndéantar an t-achomharc a leagan amach agus na cúiseanna, na breithnithe agus na hargóintí ar a bhfuil sé bunaithe a leagan amach. Bíonn an tÚdarás ina pháirtí i ndáil le gach achomharc. Faoi láthair níl aon táille forordaithe le híoc ag an achomharcóir.

Ar fhógra a fháil maidir le hachomharc, ní mór don Údarás, laistigh de 14 lá, cóipeanna de na doiciméid go léir nó eolas a bhaineann leis an gcinneadh, ábhar an achomhairc a chur faoi bhráid an Bhoird Achomhairc. Is féidir leis an Údarás, dá lánrogha féin, aighneachtaí i scríbhinn a chur faoi bhráid an Bhoird Achomhairc laistigh de 30 lá. Sa chás go bhfuil an Bord Achomhairc den tuairim go bhfuil eolas ar bith a bhfuil gá leis a chuirfidh ar a chumas cinneadh a dhéanamh maidir leis an achomharc, is féidir leis fógra a sheirbheáil ar aon pháirtí á cheangail ar an bpáirtí sin an t-eolas sonraithe sin a chur faoi bhráid.

Is féidir leis an mBord Achomhairc (a) an cinneadh maidir le hábhar an achomhairc a dheimhniú, (b) an cás a chur ar ais chuig an Údarás lena athbhreithniú agus cinneadh nua a dhéanamh ina leith, nó (c) an cinneadh maidir le hábhar an achomhairc a chur ar neamhní agus cinneadh eile a dhéanamh.

Ní mór don Údarás aon achomharc a dhíbhe, más é a thuairim gur achomharc suibhreosach nó cráiteach é nó gur achomharc gan substaint gan foras é. Is féidir le haon pháirtí i gcás achomhairc, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt maidir le ceist dlí a eascraíonn ó chinneadh an achomhairc.

Achomhairc a Breithníodh agus Torthaí

Fuair an Bord Achomhairc 27 n-achomharc ó ghearánaithe le linn na bliana 2016:

(i) ar dhiúltaigh an tÚdarás a ngearáin a imscrúdú faoi alt 63(2) den Acht nó

(ii) ar mhian leo achomharc a dhéanamh maidir le cinneadh an Údaráis faoi alt 68(4) (a) nó (c) den Acht maidir le hachomharc a dhíbhe nó smachtbhannaí a fhorchur ar thabhairt chun críche an imscrúdaithe.

Rinne an Bord Achomhairc, achomhairc a bhreithniú i 17 gcás le linn na bliana 2016, lena n-áirítear cúig chás a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2015. Tharraing an t-achomharcóir siar dhá achomharc sula raibh siad breithnithe ag an mBord Achomhairc.

Chuaigh téarma ceapacháin ghnáthchomhaltaí go léir Bhord Achomhairc na Seirbhísí Maoine in éag i mí Iúil 2016 agus bhí na folúntais sin fós le líonadh amhail 31 Nollaig 2016. Bhí breithniú 13 achomharc a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Achomhairc fós ag feitheamh ag deireadh na bliana.

Cairt 8 Achoimre ar Chinntí an Bhoird Achomhairc le linn na bliana 2016

Toradh	Líon Achomharc	Céatadán den Iomlán
Achomharc nár Ceadaíodh– Seasadh le Cinneadh an Údaráis	13	76%
Achomharc a Ceadaíodh – Curtha ar ais chuig an Údarás le hathbhreithniú a dhéanamh orthu	3	18%
Achomharc a Ceadaíodh – Níor Seasadh le Cinneadh an Údaráis	1	6%

Rinne an Bord Achomhairc cinneadh maidir le 17 gcás le linn na bliana 2016, m.sh. cúig cinn a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2015 agus dhá cheann déag de na 27 n-achomharc a fuarthas le linn na bliana 2016. Taispeántar achoimre ar thorthaí na 17 n-achomharc ar dhéileáil an Bord Achomhairc leo i gCairt 8.

Níor cheadaigh an Bord Achomhairc an t-achomharc i 13 cás (76% den iomlán ar thángthas ar chinneadh maidir leo) ag daingniú, ar an tslí sin, cinneadh an Údaráis i ngach cás.

Chuir an Bord Achomhairc na cásanna ar ais chuig an Údarás le hathbhreithniú a dhéanamh orthu i dtrí chás (18%), a raibh imscrúdú diúltaithe ag an Údarás, mar gur breithníodh nach raibh iompar míchuí i gceist. Diúltaigh an tÚdarás, arís eile, tar éis an athbhreithnithe, imscrúdú a dhéanamh i ndáil le haon cheann de na trí chás mar gheall ar an gcúis bhunaidh. Tugadh míniú a bhí níos mionsonraithe maidir leis na cinntí seo do na gearánaithe.

Níor sheas an Bord Achomhairc, i gcás amháin eile, le cinneadh an Údaráis tabhairt faoi imscrúdú a dhiúltú. Tá an gearán seo á imscrúdú anois agus ní raibh an t-imscrúdú tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana.

Trádáil gan Cheadúnas agus Ionchúiseamh

Tá an tÚdarás lándáiríre faoin gceanglas reachtúil gur gá ceadúnais nuair atáthar ag soláthar, ag tairiscint nó ag déanamh fógraíochta maidir le seirbhísí maoine. Ceileann cuideachtaí nó daoine aonair a chuireann seirbhísí ar fáil gan cheadúnas, cosaint thábhachtach don tomhaltóir a fhoráiltear dó faoin Acht ar a gcuid cliant agus cruthaíonn siad iomaíocht atá éagórach dóibh siúd a chuireann seirbhísí ar fáil ar bhealach dlíthiúil. Déanann an tÚdarás imscrúduithe a stiúradh maidir le cuideachtaí nó daoine aonair a bhfuil amhras fúthu go bhfuil siad i mbun trádála gan cheadúnas, le súil le hionchúiseamh a thabhairt faoi alt 28 den Acht. D'fhéadfadh na himscrúduithe eascairt de bhun tuairiscí ó dhaoine den phobal maidir le trádáil gan cheadúnas, nó gearáin maidir le hiompar míchuí a dhéanann cliaint de mheon mhaith na soláthróirí seirbhíse nach dtuigeann go bhfuil na cuideachtaí nó an duine aonair a bhfuiltear ag déanamh gearáin fúthu ag trádáil gan cheadúnas. Tá imscrúdú a dhéantar maidir le daoine a sholáthraíonn seirbhísí maoine gan an ceadúnas cuí teoranta ó thaobh a fháil amach an bhfuil an duine atá i gceist ag soláthar, ag tairiscint nó ag déanamh fógraíochta maidir le seirbhís mhaoine mar a shainmhínítear san Acht agus go bhfuil seirbhís den sórt sin a chur ar fáil ar mhaithe le comaoin (íocaíocht). A luaithe is a

bhíonn an dá fhíric sin deimhnithe, is faoin Údarás atá sé ionchúiseamh a thionscnamh os comhair na cúirte maidir le halt 28 den Acht a shárú.

Thóg an tÚdarás ionchúiseamh amháin sa bhliain 2016 a bhain le marglann beostoic a bhí ag feidhmiú gan cheadúnas. Phléadáil an cosantóir ciontach sa chúirt nuair a cuireadh fianaise an Údaráis i láthair. Ní raibh cinneadh déanta maidir le pianbhreith ag deireadh na bliana agus tá an cás fós os comhair na cúirte mar gheall ar an gcúis seo. Léiríodh sa chúirt go mbeifear ag tógáil iarrachtaí an pháirtí atá ciontach ceadúnas a fháil san áireamh agus pianbhreith á gearradh. Rinne an mharglann atá i gceist iarratas ar cheadúnas san am a caitheadh, ach diúltaíodh an t-iarratasóir.

Tá sé mar phríomhaidhm ag an Údarás, a chinntiú, chomh fada agus is féidir, go bhfuil ceadúnas ag gach soláthróir seirbhíse sa Stát. Ní mór don Údarás an costas agus an chastacht a bhaineann le hionchúiseamh a thabhairt os comhair na cúirte a chothromú i gcoinne a dhualgas maidir lena chinntiú go bhfuil ceadúnas cuí ag gach soláthróir seirbhíse. Sa chás go bhfaightear amach go bhfuil soláthróir sheirbhís mhaoine ag cur seirbhísí ar fáil gan cheadúnas, is féidir leis an Údarás cinneadh a dhéanamh nach gá gurbh é leas an phobail é leanúint le hionchúiseamh, sa chás go bhfaigheann an páirtí atá ciontach ceadúnas, nó sa chás go n-éiríonn siad as a bheith ag trádáil.

I gcás marglanna beostoic, is maith is eol don Údarás go gcuireann siad seirbhís luachmhar ar fáil don phobal áitiúil agus chuirfeadh a ligean i léig as go mór agus chuirfeadh costais ar fheirmeoirí sa cheantar. Cé nach bhfuiltear ag cur cosaint airgid an chliant agus critéar cáilíochta eile i gcontúirt ó thaobh cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais ar cheadúnais, tá an tÚdarás fós meáite ar cheadúnas a bheith ag na marglanna go léir den sórt seo agus an creat cosanta a thugann ceadúnas do mharglanna a sholáthar do chustaiméirí. Fuarthas amach ó dhá imscrúdú eile go raibh marglanna ag feidhmiú gan cheadúnas, bhí ceadúnas diúltaithe don dá mharglann sin roimhe seo. Bailíodh fianaise le linn na n-imscrúduithe agus cuireadh tús le hionchúiseamh. Tar éis rannpháirtíocht ghníomhach ó thaobh an Údaráis leis an dá mharglann, áfach, tugadh aghaidh go hiomlán ar shaincheisteanna lenar bhain údar imní, sa chaoi is go raibh ar chumas an Údaráis ceadúnas a thabhairt don dá mharglann. Sna himthosca sin, rinneadh cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh, cé go raibh páirt thábhachtach ag na himscrúduithe agus ag tús a bheith curtha le hionchúiseamh ar chúrsaí a chur ina gceart. Ó chuaigh an tÚdarás i mbun feidhme i Mí Iúil 2012 go dtí deireadh na bliana 2016, osclaíodh 323 comhad maidir le cuideachtaí nó maidir le daoine aonair a líomhnaíodh a bheith ag trádáil gan

cheadúnas. Ní thagann líon na gcomhad agus líon na n-imscrúduithe le chéile go díreach, mar go bhféadfadh sé go mbeadh go leor gearán á ndéanamh faoi oibritheoir aonair, agus ní bheadh ach aon imscrúdú amháin i gceist leis sin; d'fhéadfadh sé freisin go mbeadh níos mó ná cás ionchúisimh amháin mar thoradh ar imscrúdú aonair, m.sh. in aghaidh cuideachta agus in aghaidh stiúrthóir(í) na cuideachta. Soláthraítear sonraí i gCairt 9 maidir le stádas an 323 chomhad, mar seo a leanas:

Cairt 9 Stádas na nGearán maidir le hOibritheoirí gan Cheadúnas

Líon na gComhad	Stádas
80	Bhí ceadúnas faighte cheana féin ag an té ar tugadh tuairisc ina leith nó bhí ceadúnas faighte sular tugadh an t-imscrúdú chun críche.
12	Ní seirbhís mhaoine a bhí i gceist leis an iompar ar tugadh tuairisc ina leith agus ní raibh gá le ceadúnas.
82	Tugadh na comhaid seo chun críche mar gheall ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear gan aon fhianaise *prima facie* maidir le trádáil gan cheadúnas, gan eolas leordhóthanach curtha ar fáil lena bhféadfaí ábhar an ghearáin a aithint nó a aimsiú, níor thacaigh réamh-imscrúdú leis an tuairisc.
42	Measúnacht tosaigh faoi bhealach lena fháil amach an bhfuil aon fhianaise *prima facie* ann maidir le trádáil gan cheadúnas nó ag fanacht le toradh an iarratais ar cheadúnas.
90	Ag fanacht go gceapfar Cigire le tabhairt faoin imscrúdú. Cé go bhféadfar a bheith ag súil go dtiocfaidh ionchúiseamh as go leor de na himscrúduithe seo, i roinnt mhaith cásanna, is dóigh gurbh é an toradh a bheidh ar an imscrúdú ar deireadh thiar go ndeimhneofar tuairim an Údaráis nach bhfuil aon trádáil neamhcheadúnaithe ar siúl i ndáiríre.
16	Imscrúdú faoi bhealach nó ag teannadh le céim deiridh an imscrúdaithe.

Ní mór go mbeidh ceadúnas ag gach soláthróir seirbhíse maoine. Sa chomhthéacs sin, is gnách leis an Údarás scríobh chuig cuideachtaí nó chuig daoine aonair a dtugtar tuairisc ina leith go bhfuil siad ag trádáil gan cheadúnas, ag cur forálacha an Achta ar na súile dóibh, sé sin an gá atá le ceadúnas agus gur cheart éirí as trádáil ar an bpointe boise, má tá siad i ndáiríre ag trádáil gan an ceadúnas atá riachtanach. Chomh maith le treoir dhíreach a eisiúint, sé sin éirí as trádáil, tá cuspóir tábhachtach ag na litreacha seo i bpróiseas an ionchúisimh sa tslí nach mbíonn aon amhras ar an gcúirt go raibh an cosantóir ar an eolas go hiomlán go raibh an dlí á bhriseadh acu. Toradh amháin nach raibh aon súil leis áfach, ach ar cuireadh fáilte roimhe mar sin féin, a bhí ar an bhfeachtas gairid maidir le litreacha “éirí as trádáil” a eisiúint ná go ndearna líon suntasach cuideachtaí agus daoine aonair teagmháil leis an Údarás agus fuair siad ceadúnais.

Cigireacht maidir le hIniúchadh Comhlíontachta

Thug an tÚdarás, le linn na bliana 2016, faoi chigireacht maidir le hiniúchadh comhlíontachta ar ghnólachtaí ceadúnaithe. Breithníonn an tÚdarás go bhfuil dhá chuspóir le cigireacht iniúchta, i dtús báire, sárú an Achta a aithint ach níos tábhachtaí fós, cuireann siad bealach ar fáil chun a bheith rannpháirteach le ceadúnaithe agus le treallús a chur faoi chaighdeán gairmiúil comhsheasmhach seirbhíse a sheachadadh do chliaint go léir na soláthróirí seirbhíse maoine.

I mí Iúil na bliana 2016, d’fhostaigh an tÚdarás cigirí ar conradh leis an saineolas a bhí riachtanach le tabhairt faoi iniúchtaí comhlíontachta thar ceann an Údaráis. Tar éis oiliúint a sholáthar d’fhoireann nua an Údaráis agus do chigirí seachtracha maidir le forálacha an Achta, cuireadh tús le cigireachtaí comhlíontachta sa dara leath den bhliain. Tugadh ar aird, agus sannadh na n-iniúchtaí á mbeartú, an líon fostaithe seirbhíse maoine a bhí lonnaithe i ngach contae. Dá réir sin, rinneadh iniúchtaí a shannadh agus bhí tús curtha leo i ngach contae faoi dheireadh na bliana.

Rinneadh thart ar 400 iniúchadh comhlíontachta a shannadh ar chigirí, agus áiríodh anseo, foireann an Údaráis agus cigirí ar conradh. Tugadh 58 de na hiniúchtaí ar cuireadh tús leo chun críche faoi dheireadh na bliana. Thaispeáin torthaí foriomlána na n-iniúchtaí a bhí críochnaithe go raibh na gnólachtaí go léir a ndearnadh iniúchadh orthu ag comhlíonadh an Achta. Bhíothas ag leanúint ar aghaidh ag deireadh na bliana le thart ar 340 (85.5%) de na hiniúchtaí a bhí sannta.

Tugtar dréacht-thuarascáil do na ceadúnaithe tar éis an iniúchta, ina n-aithnítear na réimsí lena mbaineann údar imní agus cuirtear deis ar fáil le freagra a thabhairt ar na torthaí a bhí i ndréacht-thuarascáil an iniúchta. Is deis atá inti seo do na ceadúnaithe le haghaidh a thabhairt ar thorthaí den sórt sin agus le fianaise a chur ar fáil maidir le hábhair a aithníodh a bhfuil aghaidh tugtha orthu nó nach mór aghaidh a thabhairt orthu.

Leagtar amach i gCairt 10 an líon iniúchtaí a sannadh de réir contae, an líon a bhí ag comhlíonadh agus iniúchtaí a bhí ag leanúint ar aghaidh ag deireadh na bliana.

Cairt 10 An Stádas maidir le hIniúchtaí Comhlíontachta



Cuspóir Straitéiseach 3 a Chur Chun Cinn

Feasacht an Phobail ar an Údarás a Chur Chun Cinn

Tapaíonn an tÚdarás chuile dheis le feasacht ar ról agus ar fheidhm an PSRA a chur chun cinn.

Feachtas sna Meáin

Sa bhliain 2016, bhain an tÚdarás leas as fógraíocht ar an raidió ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal áitiúil araon leis an Údarás a chur chun cinn agus le heolas a chur ar fáil don phobal maidir le ról agus feidhm an PSRA.

D'eagraigh an tÚdarás dhá fheachtas eolais sna meáin ar raidió náisiúnta agus ar raidió áitiúil le linn míonna an Aibreáin agus na Samhna, agus áiríodh ar na téamaí ar tugadh aghaidh orthu, cosaint tomhaltóra agus ag cur ar na súile don phobal na hiarmhairtí a ghabhann le soláthróir seirbhíse maoine gan cheadúnas a úsáid.

Tar éis an dá fheachtas raidió, fuair an tÚdarás aiseolas dearfach ón earnáil agus tháinig ardú ar thuarascálacha a bhain le hoibritheoirí gan cheadúnas. Tá tuilleadh imeachtaí eolais cosúil leo sin beartaithe.

Nuachtlitir

D'eisigh an tÚdarás ceithre nuachtlitir ar na ceadúnaithe go léir le linn na bliana 2016. Clúdaíodh raon leathan ábhar sna nuachtlitreacha a bhí ábhartha, lena n-áirítear, an córas nua iarratais ar athnuachan ceadúnais agus íocaíochta ar líne, lámhleabhar treoracha maidir le saincheisteanna éagsúla earnála, oibritheoirí gan cheadúnas, agus seachfhoinsiú a dhéanamh ar bhearta i gcoinne sciúradh airgid. Tá fáilte mhór curtha ag lucht na hearnála leis an nuachtlitir do cheadúnaithe agus tá sé beartaithe ag an Údarás cur leis an rathúlacht seo mar chuid dá straitéis cumarsáide mar bhealach éifeachtach le cumarsáid a dhéanamh le ceadúnaithe.

Seimineáir

Reáchtáil an tÚdarás dhá sheimineár déag ar bhonn náisiúnta (an Uaimh, Baile Átha Cliath, Sligeach, Gaillimh, Corcaigh agus Port Laoise) mar chuid dá fheachtas eolais maidir leis an bpróiseas athnuachana ceadúnais ar líne agus d'fhreastail 1,200 ceadúnaí ar na himeachtaí sin. Bhain an tÚdarás úsáid as an bhfeachtas eolais seo freisin le haghaidh a thabhairt ar líon saincheisteanna leis na ceadúnaithe, lena n-

áirítear, tabhairt isteach na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (CPD) atá beartaithe, an PSRA a bheith mar údarás inniúil don earnáil i ndáil le sciúradh airgid, ábhair a bhaineann le gearáin, stiúradh iniúchtaí, an ciste cúitimh agus litreacha fostaíochta. Thug na seimineáir deis do cheadúnaithe aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna nó ar aon fhiosrúcháin ar bhonn duine le duine le comhaltaí foirne an PSRA a bhí i láthair.

Físeán

Mar chuid de thabhairt isteach an chórais athnuachana ceadúnais agus iarratais ar líne, chuir an tÚdarás raon físeán le chéile chun cuidiú le ceadúnaithe a n-iarratais a chomhlánú go leictreonach ar líne. Cuireadh na físeáin suas ar láithreán gréasáin an Údaráis, láithreán gréasáin Chumann Suirbhéirí Cairte Éireann (SCSI) agus láithreán gréasáin Fhoras na gCeantálaithe agus na Luachálaithe Gairmiúla (IPAV). Chinntigh an comhoibriú seo go raibh gach cúnamh á chur ar fáil do cheadúnaithe ó thaobh a gcuid iarratas athnuachana a chur faoi bhráid ar líne.

Láithreán Gréasáin

Táthar ag leanúint leis an bhforbairt ar láithreán gréasáin an Údaráis agus tá sé mar aidhm é a bhí níos idirghníomhaí do na daoine siúd a thugann cuairt ar an láithreán, tá sé níos éasca é a nascleanúint agus cuireann sé an t-eolas atá á lorg ag an gcuairteoir ar fáil freisin. Áireofar rannóg ar an láithreán nua a bheidh dírithe ar thomhaltóirí, áit a mbeidh ar a gcumas eolas agus treoir a fháil maidir le soláthróir seirbhíse maoine a úsáid. Cuireadh tús leis an bhforbairt ar an láithreán ag deireadh na bliana 2016.

Fóram

Bhunaigh an tÚdarás Fóram geallsealbhóirí earnála, lena n-áirítear comhaltaí dhá ghrúpa ionadaíocha agus oifigigh comhlíontacháin, tháinig soláthróirí seirbhíse le chéile ag dhá ócáid le linn na bliana. Phléigh an Fóram saincheisteanna maidir le ceadúnú, oibritheoirí gan cheadúnas, gearáin, rannpháirtíocht leis an earnáil agus an próiseas athnuachana ceadúnas ar líne. Is bealach dearfach atá san Fhóram le tuairimí ar shaincheisteanna earnála a roinnt.

Cuspóir Straitéiseach 4 a Chur Chun Cinn

Cothabháil a dhéanamh ar Chláir Phoiblí

Cláir Phoiblí

Déanann an tÚdarás trí Chlár Phoiblí a chothabháil, eadhon, Clár na bPraghsanna ar Mhaoin Chónaithe, Clár Poiblí na Soláthraithe Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine agus Clár na Léasanna Tráchtála.

Clár na bPraghsanna ar Mhaoin Chónaithe

Foilsítear, i gClár na bPraghsanna ar Mhaoin Chónaithe, praghas, dáta díolacháin agus seoladh na maoine cónaithí go léir a díoladh in Éirinn ó mhí Eanáir 2010. Faightear an t-eolas maidir le praghsanna díolacháin maoine ó rannóg ríomhstampála na gCoimisinéirí Ioncaim. Tugtar an t-eolas seo cothrom le dáta ar bhonn seachtainiúil agus foilsítear é laistigh d'aon mhí amháin ó dhíoltar an mhaoin.

Tugadh 1.6 milliún cuairt ar an iomlán sa bhliain 2016 ar Chlár na bPraghsanna ar Mhaoin Chónaithe, a chiallaíonn go bhfuil sé ar an gceann is mó de chláir an Údaráis a dtugtar cuairt air. Tugadh os cionn 7.2 milliún cuairt ar an láithreán ó foilsíodh ar dtús é i mí Mheán Fómhair 2012 go deireadh mhí na Nollag 2016.

Clár na Soláthróirí Ceadúnaithe Seirbhíse Maoine

Foilsítear Clár na soláthróirí ceadúnaithe seirbhíse maoine ar láithreán gréasáin an Údaráis. Baineann cliaint soláthróirí seirbhíse maoine leas as an gclár seo chun a dheimhniú go bhfuil ceadúnas ag an soláthróir seirbhíse atá á fhostú acu. Trí úsáid a bhaint as soláthróir seirbhíse ceadúnaithe, tá cosaint ag an gcliant faoin Acht, lena n-áirítear, rochtain ar mheicníocht gearáin an Údaráis, an ceart ar imscrúdú a dhéanamh ar a ngearán agus rochtain ar Chiste Cúitimh an Údaráis sa chás go mbeadh caillteanas ann don chliant mar thoradh ar ghníomh mímhacánta an cheadúnaí. Níl sé ar chumas an Údaráis imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a dhéanann cliaint soláthróirí seirbhísí maoine neamhcheadúnaithe, mar gheall nach ceadúnaithe iad. In imthosca den sórt

sin, déanfaidh an tÚdarás, áfach, imscrúdú ar an oibritheoir neamhcheadúnaithe a ndearna an cliant gearán ina aghaidh.

Áirítear ar na sonraí a fhoilsítear i gClár na Soláthróirí Seirbhíse Maoine:

- Ainm an Cheadúnaí
- Seoladh an Cheadúnaí
- Catagóir an Cheadúnaí (m.sh. Cuideachta, Trádálaí Aonair, Fostaí)
- Cineál an Cheadúnais (A,B,C,D)
- Dáta Dhul in Éag an Cheadúnais

Tugtar an Clár cothrom le dáta ar bhonn seachtainiúil.

Clár na Léasanna Tráchtála

Tá dualgas reachtúil ar thionóntaí maoine tráchtála an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil maidir le léasanna tráchtála a dhéantar an 3 Aibreán 2012 nó ina dhiaidh sin:

- Seoladh na maoine tráchtála léasaithe;
- Dáta léasaithe na maoine;
- Téarma an léasa de réir na mblianta;
- An cíos atá iníoctha maidir leis an maoin;
- Dáta tosaithe théarmaí an léasa;
- An chomaoin caipitil (más ann) atá le híoc ag an tionónta nó ag an tiarna talún maidir leis an maoin tráchtála is ábhar don léas;
- An mhinicíocht ina ndéantar athbhreithniú cíosa ar an maoin;
- Na sonraí maidir leis an duine atá faoi dhliteanas maidir le rátaí, árachas, táillí seirbhíse agus deisiúcháin maidir leis an maoin;
- Glanachar urláir, in aghaidh gach urlár, den mhaoin;
- Na sonraí (más ann) maidir le tréimhsí atá saor ó chíos, an tréimhse feistithe a cheadaítear, liúntas maidir le feistiú agus ranníocaíochtaí caipitil maidir leis an maoin;
- Na sonraí faoi aon chlásal a bhaineann le briseadh isteach atá sa léas; agus
- Uimhir aitheantais deimhnithe laistigh de bhrí na Rialachán Dleachta Stampa (Ríomhsampláil Ionstraimí) 2009.

Chomh maith le heolas mionsonraithe a chur ar fáil maidir le léasanna a chuaigh i bhfeidm an 3 Aibreán 2012 nó ina dhiaidh sin, tá eolas bunúsach sa chlár freisin maidir le léasanna a rinneadh idir 1 Eanáir 2010 agus an dáta sin. Cláraíodh 52,704 iontráil ar an iomlán suas go deireadh mhí na Nollag 2016. Tá sé sin i gcomparáid le figiúr de 43,574 ag deireadh na bliana 2015. Foráiltear leis an gceanglas dlí faoi alt 88 den Acht go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil orthu siúd a ghlacann léas tráchtála clárú ar Bhunachar Sonraí an Údaráis laistigh d'aon mhí amháin. Tá líon suntasach tionóntaí ann a ghlacann léasanna den sórt sin nach gcomhlíonann an ceanglas seo.

Faoi dheireadh na bliana 2016, bhí an tÚdarás ar tí an Bunachar Léasanna Tráchtála a athdhearadh chun gabháil éigeantach an eolais atá riachtanach a éascú ar bhealach atá níos eagraithe agus níos éasca le húsáid. Bhíothas fós i mbun na forbartha sin ag deireadh na bliana, ach cuirfidh sé an t-eolas atá riachtanach ar fáil ar líne nuair a bheidh sé críochnaithe agus gheobhaidh sé réidh leis an ngá atá ann faoi láthair doiciméad a chur faoi bhráid maidir le hiontráil.

Cuspóir Straitéiseach 5 a Chur Chun Cinn

A bheith éifeachtúil maidir leis an leas a bhaintear as acmhainní daonna, airgeadas, bainistíocht agus an teicneolaíocht

Acmhainní Foirne

Bhí acmhainní foirne ar cheann de na dúshláin ba mhó a bhí ag an Údarás sa bhliain 2016.

Breithníodh, nuair a bhí an tÚdarás á bhunú, go mbeadh 30 comhalta foirne ar laghad (1CEO, 2AP, 10HEO, 11EO agus 6CO) riachtanach le cur a chumas an Údaráis tabhairt faoina chuid feidhmeanna. Sa bhreis ar an leithdháileadh foirne a tugadh don Údarás nuair a bunaíodh é, cuireadh seisear comhalta foirne breise ar fáil don Údarás ag breith isteach ar dheireadh na bliana 2013, le bainistíocht a dhéanamh ar thart ar 300 gearán a bhí á bhfáil go bliantúil agus le haghaidh a thabhairt ar an riaráiste suntasach maidir le himscrúduithe gearáin. Ina ainneoin sin, mar gheall ar dhaoine a bheith ag dul ar scor agus daoine á n-aistriú chuig réimsí eile den Roinn, bhí leibhéal foirne an Údaráis mar fhachtóir suntasach ó thaobh an dul chun cinn a bhí ar chumas an Údaráis a dhéanamh maidir le himscrúduithe gearáin agus iad a thabhairt chun críche, ó thaobh cigireacht a dhéanamh ar iniúchadh comhlíontachta, agus le heolas tomhaltóra agus cruinnithe feasachta a thabhairt chuig leibhéal a bhí sásúil.

Acmhainní Breise

Eisíodh fógra, i mí na Nollag 2015, ar fhoireann na Roinne ag lorg ‘Léiriú Spéise’ uathu siúd a raibh spéis acu oibriú leis an Údarás. Léirigh dhá HEO agus seisear EO spéis. Sannadh HEO amháin agus triúr EO don Aonad Imscrúdaithe Gearán. Cuireadh dian-oiliúint ar fáil ag a raibh tionchar dearfach ar thabhairt chun críche imscrúdaithe gearáin agus ar aghaidh a thabhairt ar riaráistí gearáin.

Fuair beirt EO a sannadh chuig an Aonad Imscrúdaithe Gearán, áfach, ardú céime ag deireadh na bliana 2016. Rinneadh EO amháin a athshannadh faoi dheireadh na bliana agus tá EO eile ag fanacht lena bheith athshannta. Mar

thoradh air sin, bhí folúntas d'EO amháin ann ag deireadh na bliana. Taobh amuigh de sin, bhíothas ag fanacht ar HEO eile a chur ar fáil don Aonad Imscrúdaithe Gearán.

Seachfhoinsiú Acmhainní

Le linn athbhreithniú a dhéanamh ar an leibhéal acmhainní a bhí ar fáil don Údarás i rith na mblianta a raibh cosc ar earcú foirne, léirigh athbhreithniú ar leas a bhaint as acmhainní breise go gcuirfeadh samhail seachfhoinsithe na hacmhainní cáilithe a bhí riachtanach ar fáil le tabhairt faoi imscrúduithe. Tar éis próiseas tairisceana, ba iad IP Forensics Ltd a bhí rathúil. Tar éis comhairliúcháin leis na ceardchumainn, tugadh faoi acmhainní foirne a shannadh don Aonad Imscrúdaithe Gearán. Thángthas ar chomhaontú le hacmhainní buana a shannadh chuig an Aonad Imscrúdaithe Gearán agus síníodh conradh le haghaidh seirbhísí IP Forensics Ltd i mí Iúil 2016.

Tá cigireacht iniúchta ar chomhlíonadh ceadúnaithe leis an Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, mar phríomhréimse maidir le hobair imscrúdaithe. Chuir thart ar dheichniúr cigire seachtracha tús le cigireacht iniúchta ar cheadúnaithe i Meán Fómhair, 2016. Faoi dheireadh na bliana bhí thart ar 400 iniúchadh maidir le comhlíonadh sannta ar fud gach aon chontae agus bhí siad ag céimeanna éagsúla maidir le dul chun cinn ag deireadh na bliana. Ghlac na ceadúnaithe go maith leis an gcigireacht iniúchta maidir le comhlíonadh ar tugadh fúthu, mar dheis eolais do na ceadúnaithe maidir lena gceanglais reachtúla faoin Acht agus mar bhealach do na ceadúnaithe na ceanglais sin a chomhlíonadh araon. Is uirlis don Údarás atá sa gcigireacht iniúchta maidir le comhlíonadh le treallús a chur faoi chomhlíonadh agus faoi chaighdeáin san earnáil.

Chomh maith le cigireacht iniúchta maidir le comhlíonadh, tá tús curtha ag na cigirí seachfhoinsithe le himscrúdaithe ar ghearáin, a thabharfaidh cúnamh le laghdú a dhéanamh ar an riaráiste gearáin. Leanfar le hobair chonartha seachfhoinsithe sa bhliain 2017.

Cairt 11 Struchtúr Foirne amhail 31 Nollaig 2016



Bhí tacaíocht ag an Údarás, le linn an tsamhraidh 2016, ó dheichniúr oifigeach cléireachais, cúigear ar feadh 10 seachtaine agus cúigear ar feadh 13 seachtaine, 115 seachtaine ar fad, chun cuidiú le próiseáil a dhéanamh ar iarratais maidir le ceadúnais a athnuachan. Bhí tionchar dearfach ar fháil a bheith ag an Údarás ar na hacmhainní breise seo ar an am próiseála agus chiallaigh torthaí éifeachtúlachta d'iarratais ar cheadúnais nua agus d'iarratais athnuachana araon.

Maoiniú an Údaráis

Íoctar na táillí a ghineann an tÚdarás go díreach isteach sa Státchiste gach aon bhliain agus ansin déantar soláthar airgid as an Státchiste leis an Údarás.

Foráiltear le hAlt 25(3) den Acht nach féidir leis an Údarás brabús nó caillteanas a dhéanamh agus go mbeidh iomlán na dtáillí a ghearrtar gach bliain, chomh gar agus is féidir, ar bhlianta a áireamh lena chéile, comhionann le hiomlán an chaiteachais a thabhaítear go bliantúil.

Ó bunaíodh an tÚdarás in Aibreán na bliana 2012 agus suas go dtí 31 Nollaig 2016, chuir an tÚdarás ioncam ó cheadúnas táillí de €11.3 milliún ar ais chuig

an Státchiste agus cuireadh €2.3 milliún de sin ar ais sa bhliain 2016. Sa tréimhse sin, b'ionann iomlán na ndeontas a thug an Státchiste don Údarás agus €6.2 milliún.

An Ciste Cúitimh

Déanann an tÚdarás riarachán ar an gCiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a bunaíodh faoin Acht. Déanann an earnáil maoiniú ar an gCiste ar bhonn bliantúil agus is €200 in aghaidh na bliana an leibhéal ranníocaíochta atá le híoc isteach sa chiste ag Fostóir Seirbhísí Maoine agus €50 in aghaidh na bliana le híoc ag Fostaí.

Ní mór don Údarás, sa chás go bhfuiltear sásta gur thabhaigh cliant Soláthróir Seirbhísí Maoine caillteanas mar thoradh ar mhímhacántacht, faoi réir ag coinníollacha áirithe atá sonraithe san Acht, cúiteamh a íoc leis an gcliant as an gCiste. Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí os cionn €2.7 milliún ag seasamh chun sochair an Chiste. Baineadh amach an ceanglas sa bhliain 2016, sé sin €2 milliún a bheith sa Chiste laistigh de 4 bliana de bhunú an Údaráis. Sa bhreis air sin, níor tugadh aon deontais ón gCiste Cúitimh faoi dheireadh na bliana 2016.

Ag cur an Chiste Cúitimh faoi Árachas

Chomhaontaigh an tÚdarás an Ciste Cúitimh a chur faoi árachas ar mhaithe lena chosaint agus lena chinntiú go gcoinnítear an tsuim atá chun sochair an Chiste ag €2 milliún ar a laghad, ionas gur féidir freastal ar gach éileamh a dhéantar ar an gCiste. Tar éis próiseas tairisceana sa bhliain 2015 leis an gCiste a chur faoi árachas, níor cuireadh aon tairiscint isteach. Cuireadh tús le réamhphlé agus le réamhshocruithe le bróicéirí árachais i Londain i ndeireadh na bliana 2016 leis an gCiste a chur faoi árachas. Bhí plé suntasach leanúnach ar siúl agus tugadh aghaidh ar nithe le frithgheallaí atá i gceist ó thaobh an riosca a bhaineann leis an gCiste a chur faoi árachas. Bhí plé maidir leis an riosca agus leis an gcostas atá i gceist leis an gCiste a chur faoi árachas fós ar siúl ag deireadh na bliana 2016.

Cuspóir Straitéiseach 6 a Chur Chun Cinn

A chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm na beartais, na struchtúir agus na nósanna imeachta cuí maidir le rialachas

Rialachas Corparáideach

Tá Rialachas Corparáideach laistigh den PSRA faoi threoir ón:

- An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011
- An Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit;
- An Cód Iompair Gnó do chomhaltaí an Údaráis;
- Nósanna Imeachta Airgeadais agus Soláthair

Déanann an PSRA, mar chomhlacht poiblí, na nithe ábhartha go léir maidir le rialachas corparáideach a eisíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus aon Roinn eile de chuid an Rialtais, a chomhlíonadh.

Mar go dtagann an PSRA faoi théarmaí tagartha na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, tá an tÚdarás faoi réir ag iniúchadh bliantúil Rannóg Iniúchta Inmheánaigh na Roinne. Ar leithligh, déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) iniúchadh ar bhonn bliantúil ar an PSRA lena chinntiú go bhfuil leabhair chuntais agus próisis chuí á gcoimeád agus go bhfuiltear ag comhlíonadh nósanna imeachta.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Údarás as feidhmiú na bhfeidhmeanna sin dá bhforáiltear dóibh faoi alt 10 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, lena n-áirítear eolas den sórt sin de réir mar is gá, maidir le feidhmiú na bhfeidhmeanna sin. Cuireann an Príomhfheidhmeannach tuairisc atá cothrom le dáta maidir leis an bPlean Straitéiseach agus leis an gClár Rioscaí i láthair ag gach aon chruinniú de chuid an Údaráis.

Tá an tÚdarás tiomanta go hiomlán do chinntiú go ndéanann an PSRA cothabháil ar chultúr láidir maidir le rialachas corparáideach ar fud na bhfeidhmeanna agus na bhfreagrachtaí go léir agus go dtugtar aghaidh nuair is gá ar aon laige a aithnítear.

Sa bhliain 2016, d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) leasaithe. Tá an Cód níos leithne anois agus aithnítear freagrachtaí agus ceanglais tuairiscithe mionsonraithe. Tá athbhreithniú déanta ag an Údarás ar gach aon cheann de na ceanglais seo agus tá próiseas curtha ar bun lena bhfeidhmiú.

Feidhmiú an Údaráis

Tá an Bord á stiúradh ag Cathaoirleach an Údaráis agus cinntíonn a éifeachtúlacht trína ghnó a eagrú agus trí chlár oibre a leagan síos. Chomh maith leis an gCathaoirleach, tá deich gcomhalta eile ar an Údarás ag a bhfuil raon leathan scileanna láidre agus scileanna comhlántacha. Scaiptear, roimh gach aon chruinniú den Údarás, na tuarascálacha agus na páipéir ábhartha, lena n-áirítear sonraí maidir le feidhmíocht airgeadais agus tuarascálacha mionsonraithe atá cothrom le dáta ar dhul chun cinn agus ar fheidhmiú an Phlean Straitéisigh, sa chás gur cuí, ar chomhaltaí an Údaráis. Bíonn an deis ag an mBord na tuarascálacha seo a phlé agus eolas atá cothrom le dáta a fháil ón bPríomhfheidhmeannach a fhreastalaíonn ar na cruinnithe.

Áirítear ar príomhfhreagrachtaí agus réimsí fócais an Bhoird:

- Straitéis –cur le forbairt agus straitéis an Údaráis a chomhaontú;
- Feidhmíocht Airgeadais agus Oibríochta –athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Údaráis, trí thuairisciú agus plé rialta leis an bPríomhfheidhmeannach;
- Acmhainní– a chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hacmhainní ag an Údarás leis an straitéis a chur ar fáil;
- Meastóireacht agus comhdhéanamh – athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Bhoird lena éifeachtúlacht a chinntiú;
- Rialuithe inmheánacha – cothabháil a dhéanamh ar chreat rialaithe inmheánach atá cuí;

- Riosca - a chinntiú go bhfuil beartais agus próisis bhainistíochta éifeachtacha riosca agus struchtúr rialaithe cuí i bhfeidhm.

Tá sceideal feidhmeanna tarmligthe ag an mBord don Phríomhfheidhmeannach, i measc daoine eile agus baineann sé le, cúrsaí ceadúnais, tuarascálacha chuig an Aire, imscrúduithe gearán agus iarratas chun na hArd-Chúirte.

Measúnú Feidhmíochta an Údaráis

Níor tharla an measúnú feidhmíochta i ndáil leis an Údarás mar a éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Is mar gheall ar thréimhse ocht mí a tharla sé sin, tráth nach raibh ar an Údarás ach seisear as an aon chomhalta dhéag, an t-achar is a bhíothas ag fanacht le cúig chomhalta nua a cheapadh ar an Údarás i mí na Samhna 2016. Beidh féinmheasúnú an Údaráis ar siúl sa bhliain 2017.

Bainistíocht Riosca

Tá polasaí Bainistíochta Riosca foirmiúil i bhfeidhm ag an Údarás agus déantar cothabháil ar Chlár Riosca de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais, a ndéantar bainistíocht air ar bhonn leanúnach. Tá cothabháil an chláir leagtha amach lena chinntiú go n-aithnítear agus go ndéantar measúnú ar rioscaí ar bhonn leanúnach agus go gcuirtear na bearta maolaithe cuí, faoi réir ag acmhainní, i bhfeidhm. Is mír bhuan atá sa Chlár Riosca ar Chlár Oibre gach aon chruinniú de chuid an Údaráis.

Mar léiriú ar phríomhthosaíochtaí an Údaráis, áirítear ar na príomhrioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don eagraíocht:

- acmhainní riaracháin imscrúdaithe nach bhfuil dóthanach ná cuí
- Clár na Léasanna Tráchtála atá cuimsitheach
- Leibhéal cuí árachais ar an gCiste Cúitimh
- Aghaidh a thabhairt ar Riaráistí Gearáin

Comhlíonadh le Caiteachas Poiblí

Le linn na bliana 2016, bhí forálacha ábhartha an Chóid Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, á chomhlíonadh ag an Údarás.

Tugadh Comhaontú maidir le Bainistíocht Feidhmíochta chun críche don bhliain 2016 idir an Príomhfheidhmeannach agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Sainordaíonn an Comhaontú comhlíonadh leanúnach le ceanglais ábhartha an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.*

Cód Caiteachais Phoiblí

Le linn na bliana 2016, rinneadh ceanglais chuí an Údaráis maidir le Cód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chomhlíonadh.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD)

Tar éis tograí a dhréachtú maidir le forbairt agus seachadadh an CPD, cuireadh imlíne faoi bhráid an Údaráis lena cheadú, cuireadh tús le hobair ar dhréachtú na scéime ina dhiaidh sin. Déanfaidh an Scéim soláthar do chúig huaire an chloig de CPD do gach ceadúnaí. Beidh dhá phríomhchatagóir CPD ann, eadhon, Reachtaíocht/Rialachán agus Bainistiú Ginearálta. Faoi dheireadh na bliana, bhí mionsonraí maidir leis na fochatagóirí fós faoi fhorbairt. Beidh an Scéim bunaithe ar shamhail chreidiúnaithe agus déanfaidh an tÚdarás creidiúnú ar sholáthróirí CPD le CPD a chur ar fáil thar ceann an Údaráis. Tabharfar faoi iniúchadh bliantúil ar chomhlánú an CPD. Bhí tús curtha ag an Údarás, ag deireadh na bliana, le rannpháirtíocht leis an Oifig um Sholáthar Rialtais le meastóireacht a dhéanamh ar dhréachtú tairiscint le CPD a sholáthar.

Údarás Inniúil maidir le Sciúradh Airgid

D'fhorordaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Airgid (PSRA) mar údarás inniúil Stáit maidir le sciúradh airgid chun

críocha Cuid 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010.

Mar Údarás inniúil, tá sé de dhualgas ar an PSRA monatóireacht a dhéanamh ar sholáthróirí seirbhíse maoine a bhfuil cur síos déanta orthu mar 'dhaoine ainmnithe" agus na bearta is gá le réasún a ghlacadh chun críocha comhlíonadh na soláthróirí seirbhíse maoine a bhaint amach de réir cheanglais Cuid 4 den Acht. Is "daoine ainmnithe" faoin Acht is ea na Soláthróirí Seirbhíse Maoine. Mar Údarás inniúil déanann an tÚdarás iniúchadh ar Sholáthróirí Seirbhíse Maoine ó thaobh comhlíonadh an Achta um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010. Faoi dheireadh na bliana, bhí thart ar 400 iniúchadh AML) sannta agus bhí siad ag céimeanna éagsúla comhlánaithe ag deireadh na bliana.

Saoráil Faisnéise (FOI)

Tháinig an tÚdarás faoi théarmaí tagartha an Achta um Shaoráil Faisnéise (SF) den chéad uair an 14 Aibreán 2015, de bhua an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Is é cuspóir SF a chinntiú go bhfuil eolas oifigiúil ar fáil don phobal an oiread agus is féidir, ag teacht le leas an phobail agus ceart chun príobháideachta an duine aonair.

Foráiltear leis an Acht SF go bhfuil na cearta seo a leanas ag gach duine:

- an ceart chuig taifid oifigiúla atá á gcoimeád ag comhlachtaí poiblí mura bhfuil díolúine ina leith faoin dlí;
- an ceart chun eolas pearsanta a cheartú nó a thabhairt cothrom le dáta sa chás go bhfuil eolas den sórt sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- an ceart na cúiseanna le cinneadh a dhéanann comhlachtaí poiblí a chur in iúl dóibh, sa chás go mbíonn tionchar go díreach ag na cinntí sin orthu.

Ar mhaithe le sárchleachtas a chinntiú ó thaobh riaracháin maidir lena fheidhm nua faoin reachtaíocht, cheap an tÚdarás comhalta foirne le feidhmiú mar

Oifigeach SF agus chun cuidiú leis an bpobal an éifeacht is fearr is féidir a fháil ó nósanna imeachta SF.

Cloíodh leis na teorainneacha ama dochta atá leagtha amach san Acht SF. Fuair an tÚdarás 3 iarratas SF sa bhliain 2016. D'fheidhmigh an tÚdarás, agus measúnú á dhéanamh ar gach aon iarratas, an beartas go mbeifí ag súil an t-iarratas a dheonú, agus d'fheidhmigh ina dhiaidh sin an tástáil maidir le "díobháil" agus an tástáil maidir le "leas an phobail" ina dhiaidh sin arís, de réir fhorálacha an Achta SF. Cloíodh le teorainneacha ama dochta a leagtar amach san Acht SF.

Rinne daoine den phobal dhá iarratas agus rinne iriseoir iarratas amháin. Deonaíodh i bpáirt gach aon cheann de na trí iarratas. Bhí idir fhaisnéis neamhphearsanta agus meascán d'fhaisnéis phearsanta agus neamhphearsanta araon ar an gcineál faisnéise a lorgaíodh. Ní raibh aon iarratas ar fhaisnéis phearsanta amháin.

Lorgaíodh, i ngach aon chás de na trí chás, faisnéis phearsanta mar chuid de na hiarratais, agus diúltaíodh gach aon cheann acu faoi Alt 37 den Acht. In dhá chás, lorgaíodh faisnéis, agus dá gcuirfí an fhaisnéis sin ar fáil, d'fhéadfadh sé cur isteach ar chothroime imeachtaí dlí.

Tugtar achoimre i gCairt 12 ar thoradh na n-iarratas go léir agus léirítear na díolúintí san Acht SF a chuir cosc ar an fhaisnéis a scaoileadh.

Cairt 12 Díolúintí faoin Acht SF a bhí i bhFeidhm

Tag. don Chomhad	Catagóir an Iarratasóra	Deonaíodh	Deonaíodh i bPáirt	Diúltaíodh	Díolúintí – na hAilt den Acht SF lena mbaineann				
					15	32	35	36	37
1	M		✓		X	X			
2	M		✓					X	X
3	J		✓			X		X	X

J = Iriseoir
M = Duine den Phobal

Thug an tÚdarás, i ngach aon chás, míniú mionsonraithe don iarratasóir maidir lena chinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh sin. Go minic, i gcásanna gur measadh nach bhféadfaí an fhaisnéis a bhí á lorg a chur ar fáil laistigh de réimse an SF, cuireadh an fhaisnéis ar fáil don iarratasóir ar bhealaí eile lasmuigh den SF.

Achomhairc maidir le SF

Le linn na bliana 2016, fuair an tÚdarás athbhreithniú inmheánach amháin maidir le cinneadh a rinneadh sa bhliain 2015. Bhí athbhreithniú iomlán, ar leibhéal níos sinsearaí, a dhéanamh ar an mbuniarratas SF i gceist leis seo. Ar achomharc seasadh leis an mbuniarratas.

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014:

Fuair an tÚdarás gearán amháin le linn na bliana 2016 a d'éiligh a bheith ina nochtadh cosanta. Rinneadh breithiúnas, ar mheasúnú a dhéanamh ar an ngearán, nach raibh sé ina nochtadh cosanta faoin Acht.

Leasuithe ar an Acht

Chuir an tÚdarás, mar chuid de Scéim Ginearálta Bhille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannas, dhá bhille faoi bhráid maidir leis an Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Bhí an dá leasú san áireamh sa Bhille. Bhí baint ag an gcéad leasú le huasteorainn a chur ar an uasmhéid íocaíochta ón gCiste Cúitimh, agus bhí baint ag an dara ceann le leasú ar an sainmhíniú maidir le mór-smachtbhannaí le foráil a chur san áireamh le go bhféadfadh an tÚdarás córas maoirseachta a fhorchur i ndáil le ceadúnaithe.

AGUISÍN A

Ráitis Airgeadais

Ráitis Airgeadais

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

CLÁR ÁBHAIR
LEATHANACH

Ráiteas maidir le Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis	3
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	4
Tuarascáil an Iniúchóra	5
Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	6
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	7
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid	8
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	9 - 14

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Ceanglaítear ar an Údarás le hAlt 22 (2) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011, gach cuntas cuí agus den ghnáthchineál ar airgead a fhaightear agus a chaitear a choinneáil den sórt a cheadaíonn an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní mór don Údarás:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás i mbun feidhme.
- A lua nuair is cuí gur cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtaítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil a thugann léargas réasúnta cruinn ag tráth ar bith ar staid airgeadais an Údaráis a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag comhlíonadh Alt 22(2) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Tá an tÚdarás freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

_____

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin : Dáta:

_____

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta:

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, admhaímid ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéanfar córas cuí rialaithe airgeadais inmheánaigh a fheidhmiú san Údarás.

Táimid sásta go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag an Údarás réasúnach agus ábhartha do chúinsí an Údaráis le haird ar a mhéid, ar leibhéal an chaiteachais, acmhainní foirne agus cineál na n-oibríochtaí. Ní thugann na córais, agus ní féidir leo áfach, dearbhú iomlán a thabhairt nach dtarlóidh earráidí ábhartha.

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais in 2009 glactha ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine.

Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an cuntas caiteachais a taifeadadh chomh maith leis an ioncam a fuarthas a athbhreithniú ar bhonn míosúil.

Is é an tÚdarás a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus tagann sé le chéile go tráthrialta chun feidhmíocht agus pleananna a mhaoirsiú. Feidhmíonn an bhainistíocht fheidhmiúcháin laistigh den údarás a leagann an tÚdarás orthu d'fhonn polasaithe agus cinntí an Údaráis a thabhairt i gcrích.

Cuireadh lámhleabhar nósanna imeachta mionsonraithe i dtoll a chéile agus cuireadh i bhfeidhm é. Nuair is féidir, déantar dualgais na foirne a roinnt go cuí leis na rioscaí atá i gceist agus an líon teoranta foirne atá ann a thógáil san áireamh. Tá na nósanna imeachta sainiúla seo i bhfeidhm ionas go gcuirtear rialú airgeadais éifeachtach ar fáil.

1. Tá nósanna imeachta foirmeálta i bhfeidhm maidir le ceannach earraí agus seirbhísí, ceadú sonrasc maidir leis na hearraí agus seirbhísí sin agus ceadú íocaíochtaí i ndáil leis na hearraí agus seirbhísí sin. Neartaíodh nósanna imeachta ina leith sin i rith na bliana trí mholtaí a lean as iniúchtaí inmheánacha a chur i bhfeidhm.

2. Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na cuntais bainistíochta mhíosúil a athbhreithniú.

3. Tá nósanna imeachta rialaithe airgeadais an Údaráis faoi réir athbhreithniú ag rannóg iniúchta inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

4. Déanann Coiste Iniúchta na Roinne Dlí agus Cirt obair an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú.

5. Comhlíonann an tÚdarás na treoirlínte cuí ar fad maidir le soláthar agus táthar ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreat-comhaontuithe agus conarthaí.

Deimhnímid go ndearna an Bord éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh a athbhreithniú i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2016.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

_____

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta:

_____

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta:

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA

Tuarascáil le cur faoi bhrád Thithe an Oireachtais

An Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Áirítear leis na ráitis airgeadais, an ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, an ráiteas maidir leis an staid airgeadais, an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Sceideal 6 leis an Acht agus de réir an ghnás cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léiriú fírinneach cóir iontu agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é atá de fhreagracht ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.
Déantar an t-iniúchadh i ndáil leis na cúinsí faoi leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.
Déantar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eitice d'Iniúchóirí a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip na hIniúchóireachta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a oiread is gá ionas gur féidir dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu ar de bharr calaoise nó earráide sin. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- cibé go bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach maidir le cúinsí Chuntais an Chiste, gur cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhleanúnach iad agus go ndearnadh nó nach ndearnadh iad a nochtadh go leordhóthanach
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair na ráiteas airgeadais go ginearálta.

Féachaim freisin le linn na hiniúchóireachta le fianaise ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais a aimsiú.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais
,

- go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Chuntais an Chiste ar an 31 Nollaig 2016 agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Chiste don bhliain 2016; agus
- go ndearnadh iad a ullmhú mar is cóir de réir ghnás cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta.

Is é mo thuairim, go raibh taifid cuntasaíochta an Chiste leordhóthanach ionas gurbh fhéidir iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go réidh cuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhar ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht

Tugaim tuairisc trí eisceacht sa chás nár cuireadh an fhaisnéis agus an t-ábhar míniúcháin ar fad a theastaigh don iniúchóireacht ar fáil dom, nó sa chás go dtugaim chun aire

- aon chás ábhartha nach chun na críche a bhí beartaithe a caitheadh an t-airgead nó aon chás nach raibh na hidirbhearta ag teacht leis an údarás a dtáinig siad faoina rialú, nó
- go bhfuil ceisteanna ábhartha eile ann maidir leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí a chur i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil le hábhar a ndéantar a thuairisc trí eisceacht.

Mary Henry
Ar son agus thar ceann
An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
31 Bealtaine 2017

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

Ioncam	**Nótaí**	**2016**	**2015**
		€	**€**
Deontais Oireachtais	**2**	1,694,560	1,361,434
Acmhainní an Údaráis	**3**	2,303,449	2,241,386
Ioncam Iomlán		**3,998,009**	**3,602,820**
Caiteachas			
Costais foirne	**4**	1,032,263	957,941
Riarachán, Oibriúcháin & Cur Chun Cinn	**5**	638,928	341,101
Táille Iniúchta		16,500	10,100
Dímheas	**6**	18,767	4,174
Caiteachas Iomlán		**1,706,458**	**1,313,316**
Barrachas don bhliain roimh chúrsaí leithreasa		**2,291,551**	**2,289,504**
Aistriú ón gCuntas Caipitil	**7**	18,767	4,174
Arna íoc leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais		(2,260,000)	(2,240,000)
Barrachas don bhliain tar éis Cúrsaí Leithreasa		50,318	53,678
Barrachas á thabhairt ar aghaidh amhail an 1 Eanáir		75,127	21,449
Barrachas a tugadh ar aghaidh amhail an 31 Nollaig		**125,445**	**75,127**

Áirítear sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe na gnóthachain agus caillteanais ar fad a aithníodh i rith na bliana. Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go dtí 14.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

_____

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta:

_____

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta:

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS MAIDIR LEIS AN STAID AIRGEADAIS
AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2016

	Nótaí	2016 €	2015 €
Sócmhainní Seasta			
Maoin, Fearas & Trealamh	**6**	201,868	20,206
Sócmhainní Reatha			
Airgead Tirim & Coibhéisí Airgid Thirim		93,197	77,750
Fardal	**8**	14,827	17,177
Suimeanna infhaighte agus réamhíocaíochtaí		61,918	14,313
		169,942	**109,240**
Dliteanais Reatha			
Suimeanna iníoctha agus fabhraithe		44,497	34,113
Glansócmhainní Reatha		**125,445**	**75,127**
Glansócmhainní Iomlána		**327,313**	**95,333**
Léirithe ag			
Cuntas Caipitil	**7**	201,868	20,206
Cúlchistí coinnithe ioncaim		125,445	75,127
		327,313	**95,333**

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go dtí 14.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan Uasal,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta:

Geraldine Clarke Uasal,
Cathaoirleach: Dáta:

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH AIRGID
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

Sreabhadh Airgid Glan ó Bhearta Oibriúcháin	**2016**	**2015**
	€	**€**
Barrachas oibríochta don bhliain	50,318	53,678
Dímheas maoine, fearais agus trealaimh	18,767	4,174
Glanaistriú chuig an gcuntas caipitil	181,662	11,816
Laghdú / (Méadú) ar fhardal	2,350	(2,913)
(Méadú) / Laghdú ar shuimeanna infhaighte agus réamhíocaíochtaí	(47,605)	2,348
Méadú / (Laghdú) ar shuimeanna iníoctha agus fabhraithe	10,384	(36,275)
Glan-insreabhadh airgid ó Bhearta Oibriúcháin	**215,876**	**32,828**
Sreabhadh Airgid ó bhearta infheistíochta		
Íocaíochtaí chun maoin, fearas agus trealamh a fháil	(200,429)	(15,990)
Méadú in Airgead Tirim & Comhluach in Airgead Tirim	**15,447**	**16,838**
Ráiteas maidir le hathruithe ar ghlanchistí		
Glanchistí amhail an 1 Eanáir 2016	77,750	60,912
Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2016	93,197	77,750
Glanmhéadú in airgead tirim agus comhluach in airgead tirim	**15,447**	**16,838**

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais na nótaí 1 go 14.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

_____

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta:

_____

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta:

1. Beartais Chuntasaíochta

a) Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha atá glactha ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go leanúnach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe seo.

b) Eolas Ginearálta
Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011, agus tá an cheannoifig lonnaithe in Áras na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, an Uaimh, Co. na Mí, C15 K7PY. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine mar a leagtar amach in Alt 11 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011:

- Ceadúnais a eisiúint agus a athnuachan;
- An Clár a bhunú agus a chothabháil;
- ceanglais cháilíochta agus ceanglais eile a shonrú agus a fhorfheidhmiú
- caighdeáin a shonrú agus a fhorfheidhmiú lena n-áirítear caighdeáin theicniúla agus caighdeáin chuí eiticiúla;
- An Ciste a bhunú, a chothabháil agus a riaradh;
- córas imscrúdaithe ar cheadúnaithe a bhunú agus a riaradh;
- mion-smachtbhannaí nó mór-smachtbhannaí a fhorchur ar cheadúnaithe;
- Iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun forchur mór-smachtbhannaí ar cheadúnaithe a dhaingniú;
- Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i ndáil le seirbhísí maoine;
- Spreagadh chun cóid chleachtais a fhorbairt agus a ghlacadh;
- An tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí i leith seirbhísí maoine a sholáthar ag ceadúnaithe agus cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt ina leith sin;
- Sonraí maidir le praghsanna díolta maoine cónaithe a chothabháil agus a fhoilsiú,
- An Bunachar Sonraí Léasanna Tráchtála a bhunú agus a chothabháil; agus
- Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó le haon fhoráil eile den Acht seo nó aon achtachán eile nó le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo nó aon achtachán eile a chomhlíonadh.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine.

c) Ráiteas maidir le Comhlíonadh agus bunús na cuntasaíochta
Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscíochta airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Is é seo dara ráiteas airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine a ullmhaíodh de réir FRS 102. An 1 Eanáir 2015 an dáta ar athraíodh go dtí FRS 102. Ní raibh aon tionchar ag an athrú go dtí FRS 102 ar an staid airgeadais ná ar fheidhmíocht airgeadais a tuairiscíodh roimhe seo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir modh fabhraithe na cuntasaíochta, ach amháin nuair a luaitear thíos, agus de réir phrionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoin gcoinbhinsiún costas stairiúil agus san fhormáid atá ceadaithe ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

d) Ioncam

Luaitear ioncam deontais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ioncam ó tháillí ceadúnais ar bhonn fáltais airgid thirim. Déantar ioncam ó tháillí ceadúnais a aithint ar iarratas ar cheadúnas a fháil. Déantar ioncam ó tháillí ceadúnais a íoc leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais gach ráithe. Déantar sin a thaifeadadh mar leithreasaí-i-gcabhair- i gcuntais na Roinne. Coimeádann an tÚdarás iarmhéid ina chuid cuntais ionas gur féidir táillí a aisíoc.

Éilítear faoi Alt 77 (1) den Acht ar an Údarás ciste ar a dtabharfar an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a bhunú, a riaradh agus a chothabháil. Déantar cuntais an Chiste a ullmhú agus a iniúchadh ar leithligh de réir Sceideal 6 den Acht.

e) Caiteachas

Déanann Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an párolla a phróiseáil agus déantar é a thuairisciú sna ráitis airgeadais ar bhonn íocaíochtaí airgid thirim.

Tá foireann iomlán an Údaráis ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Íocfar dliteanais pinsin na foirne sin as Vóta 12 Aoisliúntas agus níl soláthar ar bith déanta sna ráitis airgeadais seo i leith na gcostas sin.

f) Maoin, Fearas agus Trealamh

Léirítear maoin, fearas agus trealamh de réir an ghlanluach leabhair ar dháta a n-aistrithe chuig an Údarás.

Déantar maoin, fearas agus trealamh a dhímheas ar bhonn na líne dírí thar a saolré úsáidte measta ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn in úsáid.

Troscán	10% de réir na Líne Dírí
Crua-Earraí agus Bogearraí TE	20% de réir na Líne Dírí
Trealamh Oifige	20% de réir na Líne Dírí

g) Cuntas Caipitil

Is ionann an cuntas caipitil agus an luach ioncaim neamhamúchta a fheidhmítear do chaiteachas caipitil.

h) Sochair d'Fhostaithe

Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, mar saoire le pá mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana sna figiúirí caiteachais sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

2 Deontais Oireachtais

	2016	2015
	€	€
Fo-mhírcheann F3 de Vóta 24 - Dlí agus Ceart agus Comhionannas	**1,694,560**	**1,361,434**

3 Acmhainní an Údaráis

		2016	2015
		€	€
Ioncam ó tháillí ceadúnais a fuarthas	2,389,952		2,385,770
Lúide aisíocaíochtaí	(102,350)	2,287,602	(151,260)
Táillí rochtana an chláir maoine thráchtála		-	30
Ioncam Ilghnéitheach		15,847	6,846
Ioncam Iomlán		**2,303,449**	**2,241,386**

Ní mór do cheantálaithe, gníomhairí eastáit, gníomhairí ligin agus gníomhairí bainistíochta maoine a bheith ceadúnaithe agus rialaithe ag an Údarás. Tá táillí ceadúnais le híoc ar bhonn bliantúil. Rinne an tÚdarás, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tugadh dó faoi alt 95 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 le toiliú an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais rialacháin a tháinig i bhfeidhm an 30 Bealtaine 2012. Leagtar amach i Rialacháin 2012 (Ceadúnú) fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, an táille i ndáil le ceadúnas a eisiúint nó a athnuachan: fostóir seirbhísí maoine €1,000, conraitheoir neamhspleách €1,000 agus príomhoifigeach nó fostaí €100.

4 Costais foirne

	2016	2015
	€	€
Pá agus tuarastail	1,008,308	942,187
Taisteal agus cothabháil	23,955	15,754
Iomlán	**1,032,263**	**957,941**

18.3 ball foirne choibhéis lánaimseartha a bhí fostaithe ag an Údarás in 2016 (2015:18.2) agus 10 ball foirne sealadach in 2016 (2015:10).

Ní raibh aon ró-íocaíochtaí tuarastail amhail an 31 Nollaig 2016 ná amhail an 31 Nollaig 2015

Briseadh síos ar Shochair na bhFostaithe

Réimse Shochair Iomlána na bhFostaithe

Ó	Go dtí	Líon na bhFostaithe 2016	2015
€70,000	€79,999	1	1
€80,000	€89,999	1	1
€90,000	€99,999	-	1

5 Riarachán, Oibriúcháin agus Cur Chun Cinn

	2016	2015
	€	€
Táillí chomhaltaí an bhoird	28,928	50,873
Postas agus teileachumarsáid	49,919	53,589
Trealamh oifige agus soláthairtí oifige eile	45,106	36,328
Glanadh agus cothabháil oifige	7,606	7,434
Solas agus Teas	12,025	14,571
Táillí dlí	139,208	157,083
Margaíocht agus Cur Chun Cinn	63,644	-
Táillí Imscrúdaithe	240,453	4,906
Táillí bainc agus ceadúnaithe	28,001	538
Speansais ghinearálta	14,797	4,658
Táillí cuntasaíochta	9,241	11,121
	638,928	**341,101**

6 Maoin, Fearas & Trealamh

	TE	Trealamh Oifige	Troscán	Iomlán
	€	€	€	€
Costas				
Amhail an 1 Eanáir 2016	15,536	2,950	17,624	36,110
Suimeanna Breise	200,429	-	-	200,429
Diúscairtí				
Amhail an 31 Nollaig 2016	215,965	2,950	17,624	236,539
Dímheas Carntha				
Amhail an 1 Eanáir 2016	10,387	2,950	2,567	15,904
Muirearaithe le linn na bliana[1]	17,168	-	1,599	18,767
Diúscairtí				
Amhail an 31 Nollaig 2016	27,555	2,950	4,166	34,671
Glan-luach Leabhar				
Amhail an 1 Eanáir 2016	**5,149**	-	**15,057**	**20,206**
Amhail an 31 Nollaig 2016	**188,410**	**-**	**13,458**	**201,868**

[1]Rinneadh dímheas a mhuirear sa bhliain ar bhunchostas ceannacháin na sócmhainní.

7 Cuntas Caipitil

	2016	2015
	€	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	20,206	8,390
Amúchadh ag teacht le dímheas	(18,767)	(4,174)
Suimeanna Breise	200,429	15,990
	201,868	**20,206**

8 Fardal

	2016	2015
	€	€
Stáiseanóireacht	11,419	9,990
Fótachóipeáil / TE	2,567	5,250
Míreanna ilghnéitheacha	841	1,937
	14,827	**17,177**

9 Tobhach Pinsin

Is ionann na costais tuarastail sa chuntas seo agus an t-ollchostas chuig an Údarás don tréimhse. Íocann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais tuarastail thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn asbhaintí i ndáil leis an tobhach pinsin, de réir Alt 2(3) den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 (Uimh. 5 de 2009) agus coimeádtar sin mar Leithreasaí-i-gCabhair don Roinn sin.

10 Áitribh

Tá ceannoifig an Údaráis lonnaithe in Áras na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, an Uaimh, Co. na Mí, C15 K7PY agus do ghearáin imscrúdaithe, as oifig ar Chearnóg an Easpaig, Baile Átha Cliath, D02 TD99. Cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí an dá oifig sin ar fáil saor in aisce.

11 Dearbhú Leasanna na gComhaltaí

Ghlac an tÚdarás le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa tréimhse. Níor tharla aon idirbheart sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí.

12 Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba ionann luach saothair oifig an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 agus €83,151 (84,797 in 2015). Bhí an íocaíocht €6,920 (€5,000 in 2015) i ndáil le Taisteal agus Cothabháil a rinneadh leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin de réir rátaí na Seirbhíse Sibhialta. Íocadh €11,132 maidir le héilimh i ndáil le taisteal agus cothabháil a rinne an t-iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin in 2016 ach a chuaigh ar scor in Iúil 2015 ach nach chuir isteach na speansais a bhí dlite dó ó 2013 go Iúil 2015, leis in 2016.
Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamláireach aoisliúntais shainithe na hearnála poiblí. Ní dhearnadh íocaíochtaí ar bith a bhain le cúrsaí feidhmíochtaí leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin in 2016.

13 Táillí Chomhaltaí an Bhoird

Bunaíodh Bord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine an 3 Aibreán 2012. Íocadh táillí €38,155 le comhaltaí boird an Údaráis in 2012, €50,872 in 2013, €50,873 in 2014 agus in 2015 agus €29,928 in 2016 mar seo a leanas:

Comhalta Boird	**2016**	**2015**
	€	**€**
Geraldine Clarke (Cathaoirleach)(Nóta 1)	2,993	8,978
Paul Mooney(Nóta 1)	1,995	5,985
Edward Carey (Nóta 1)	1,995	5,985
Patrick Davitt (Nóta 2)	5,985	5,985
Josephine Henry (Nóta 2)	5,985	5,985
Deirdre Fox (Nóta 2)	5,985	5,985
Myles O'Reilly (Nóta 3)	1,496	5,985
James Doorley (Nóta 3)	1,496	5,985
Hilary Griffey (Nóta 4)	499	-
Aideen Hayden (Nóta 4)	499	-
		-
	28,928	**50,873**

Nótaí - Téarmaí Oifige na gComhaltaí Boird

1. 1 Eanáir go dtí 2 Aibreán 2016 agus 28 Samhain go dtí 31 Nollaig 2016
2. 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2016
3. 1 Eanáir go dtí 2 Aibreán 2016
4. 28 Samhain go dtí 31 Nollaig 2016

Bhí bearna sa téarma oifige idir Aibreán agus Samhain 2016 mar gheall nach ndearna an rialtas na comhaltaí boird a raibh a gcuid téarmaí imithe in éag a cheapadh.

14. Ceadú na ráitis airgeadais

Cheadaigh Bord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine na cuntais seo an 02/05/2017

Ráitis Airgeadais

An Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

CLÁR ÁBHAIR
LEATHANACH

Ráiteas maidir le Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis	3
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	4
Tuarascáil an Iniúchóra	5
Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	6
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2016	7
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016	8
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	9-10

AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

Ceanglaítear ar an Údarás le hAlt 22(2) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011, ráitis airgeadais a ullmhú sa bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus i ndáil le cibé tréimhse cuntasaíochta a cheadaíonn siad. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní mór don Údarás:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás i mbun feidhme.
- A lua nuair is cuí gur cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtaítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as gach cuntas cuí agus den ghnáthchineál a choinneáil ar an airgead ar fad a íoctar isteach sa gCiste Cúitimh agus ar gach íocaíocht a dhéantar amach as an gCiste Cúitimh, lena n-áirítear an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus clár comhardaithe, de réir Sceideal 6(7) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Tá an tÚdarás freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

_____

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta:

_____

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta:

AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, admhaímid ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéanfar córas cuí rialaithe airgeadais inmheánaigh a fheidhmiú san Údarás.

Táimid sásta go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag an Údarás réasúnach agus ábhartha do chúinsí an Údaráis le haird ar a mhéid, ar leibhéal an chaiteachais, acmhainní foirne agus cineál na n-oibríochtaí. Ní thugann na córais, agus ní féidir leo áfach, dearbhú iomlán a thabhairt nach dtarlóidh earráidí ábhartha.

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais in 2009 glactha ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine.

Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an cuntas caiteachais a taifeadadh chomh maith leis an ioncam a fuarthas a athbhreithniú ar bhonn míosúil.

Is é an tÚdarás a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus tagann sé le chéile go tráthrialta chun feidhmíocht agus pleananna a mhaoirsiú. Feidhmíonn an bhainistíocht fheidhmiúcháin laistigh den údarás a leagann an tÚdarás orthu d'fhonn polasaithe agus cinntí an Údaráis a thabhairt i gcrích.

Cuireadh lámhleabhar nósanna imeachta mionsonraithe i dtoll a chéile agus cuireadh i bhfeidhm é. Nuair is féidir, déantar dualgais na foirne a roinnt go cuí leis na rioscaí atá i gceist agus an líon teoranta foirne atá i gceist a thógáil san áireamh. Tá na nósanna imeachta sainiúla seo i bhfeidhm ionas go gcuirtear rialú airgeadais éifeachtach ar fáil.

6. Tá nósanna imeachta foirmeálta i bhfeidhm maidir le ceannach earraí agus seirbhísí, ceadú sonrasc maidir leis na hearraí agus seirbhísí sin agus ceadú íocaíochtaí i ndáil leis na hearraí agus seirbhísí sin. Neartaíodh nósanna imeachta ina leith sin i rith na bliana trí mholtaí a lean as iniúchtaí inmheánacha a chur i bhfeidhm.

7. Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na cuntais bainistíochta mhíosúil a athbhreithniú.

8. Tá nósanna imeachta rialaithe airgeadais an Údaráis faoi réir athbhreithniú ag rannóg iniúchta inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

9. Déanann Coiste Iniúchta na Roinne Dlí agus Cirt obair an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú.

10. Comhlíonann an tÚdarás na treoirlínte cuí ar fad maidir le soláthar agus táthar ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreat-comhaontuithe agus conarthaí.

Deimhnímid go ndearna an Bord éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh a athbhreithniú i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2016.

_____

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta:

_____

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta:

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhrád Thithe an Oireachtais

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Áirítear leis na ráitis airgeadais, an ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, an ráiteas maidir leis an staid airgeadais, an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 22 an Achta agus de réir an ghnás cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Tá an tÚdarás freagrach as na ráiteas airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léiriú fírinneach cóir iontu ar idirbhearta an Údaráis agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é atá de fhreagracht ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.
Déantar an t-iniúchadh i ndáil leis na cúinsí faoi leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.
Déantar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eitice d'Iniúchóirí a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip na hIniúchóireachta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a oiread is gá ionas gur féidir dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu ar de bharr calaoise nó earráide sin. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- cibé go bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach maidir le cúinsí an Údaráis, gur cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhleanúnach iad agus go ndearnadh nó nach ndearnadh iad a nochtadh go leordhóthanach
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair na ráiteas airgeadais go ginearálta.

Féachaim freisin le linn na hiniúchóireachta le fianaise ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais a aimsiú.
Déantar, chomh maith leis an méid sin, tuarascáil bhliantúil an Údaráis a léamh d'fhonn aon mhíréir ábhartha leis na

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais,

- go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis ar an 31 Nollaig 2016 agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Údaráis don bhliain 2016; agus
- go ndearnadh iad a ullmhú mar is cóir de réir ghnás cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta.

Is é mo thuairim, go raibh taifid cuntasaíochta an Údaráis leordhóthanach ionas gurbh fhéidir iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go réidh cuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhar ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht

Tugaim tuairisc trí eisceacht sa chás nár cuireadh an fhaisnéis agus an t-ábhar míniúcháin ar fad a theastaigh don iniúchóireacht ar fáil dom, nó sa chás go dtugaim chun aire

- aon chás ábhartha nach chun na críche a bhí beartaithe a caitheadh an t-airgead nó aon chás nach raibh na hidirbhearta ag teacht leis an údarás a dtáinig siad faoina rialú, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis ag teacht leis na ráitis airgeadais lena ngabhann sin nó le heolas ar thángthas air le linn an iniúchóireacht a dhéanamh, nó
- nach léir ón ráiteas faoin rialáil airgeadais inmheánach gur chloígh an tÚdarás leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, nó
- go bhfuil ceisteanna ábhartha eile ann maidir leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí a chur i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil le hábhar a ndéantar a thuairisc trí eisceacht.

Mary Henry
Ar son agus thar ceann
An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
31 Bealtaine 2017

AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

	Nótaí	2016 €	2015 €
Ioncam			
Ranníocaíochtaí chuig an gCiste	**2**	579,600	564,200
Ús taisce faighte	**2**	4,985	6,352
Ioncam Iomlán		**584,585**	**570,552**
Caiteachas			
Muirir Bainc agus DIRT		1,796	-
Caiteachas Iomlán		1,796	**-**
Barrachas don bhliain		582,789	570,552
Iarmhéid á thabhairt ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2016		2,209,499	1,638,947
Iarmhéid á thabhairt ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2016		**2,792,288**	**2,209,499**

Áirítear sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe na gnóthachain agus caillteanais ar fad a aithníodh i rith na bliana. Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 5.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

_____

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta:

_____

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta:

AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS MAIDIR LEIS AN STAID AIRGEADAIS
Amhail an 31 NOLLAIG 2016

	2016 €	2015 €
Sócmhainní		
Reatha		
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	2,792,288	2,209,499
	2,792,288	**2,209,499**
Dliteanais Reatha		
Suimeanna iníoctha agus fabhraithe	-	-
	-	-
Glansócmhainní Reatha	**2,792,288**	**2,209,499**
Glansócmhainní Iomlána	**2,792,288**	**2,209,499**
Léirithe ag		
Cúlchistí coinnithe ioncaim	2,792,288	2,209,499
	2,792,288	**2,209,499**

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 5.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

_____

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta:

_____

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta:

AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

Sreabhadh airgid glan ó bhearta oibriúcháin

	2016 €	2015 €
Barrachas ioncaim thar chaiteachas	582,789	570,552
Glan-insreabhadh airgid ó bhearta oibriúcháin	**582,789**	**570,552**
Méadú in airgead tirim agus comhluach in airgead tirim	**582,789**	**570,552**
Airgead tirim agus comhluach in airgead tirim amhail an 1 Eanáir 2016	2,209,499	1,638,947
Airgead tirim agus comhluach in airgead tirim amhail an 31 Nollaig 2016	**2,792,288**	**2,209,499**

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo na nótaí 1 go 5.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

_____

Maeve Hogan Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta:

_____

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta:

1. Beartais Chuntasaíochta

a) Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha atá glactha ag an gCiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go leanúnach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe seo.

b) **Eolas Ginearálta**
Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011, agus tá an cheannoifig lonnaithe in Áras na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, an Uaimh, Co. na Mí, C15 K7PY.
Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine mar a leagtar amach in Alt 11 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011:

- ceadúnais a eisiúint agus a athnuachan;
- An Clár a bhunú agus a chothabháil;
- ceanglais cháilíochta agus ceanglais eile a shonrú agus a fhorfheidhmiú
- caighdeáin a shonrú agus a fhorfheidhmiú lena n-áirítear caighdeáin theicniúla agus caighdeáin chuí eiticiúla;
- An Ciste a bhunú, a chothabháil agus a riaradh;
- córas imscrúdaithe ar cheadúnaithe a bhunú agus a riaradh;
- mion-smachtbhannaí nó mór-smachtbhannaí a fhorchur ar cheadúnaithe;
- Iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun forchur mór-smachtbhannaí ar cheadúnaithe a dhaingniú;
- Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i ndáil le seirbhísí maoine;
- Spreagadh chun cóid chleachtais a fhorbairt agus a ghlacadh;
- An tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí i leith seirbhísí maoine a sholáthar ag ceadúnaithe agus cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt ina leith sin;
- Sonraí maidir le praghsanna díolta maoine cónaithe a chothabháil agus a fhoilsiú,
- An Bunachar Sonraí Léasanna Tráchtála a bhunú agus a chothabháil; agus
- Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó le haon fhoráil eile den Acht seo nó aon achtachán eile nó le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo nó aon achtachán eile a chomhlíonadh.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine. Ceanglaítear ar an Údarás le hAlt 77 (1) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 ciste ar a dtabharfar an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a bhunú, a riaradh agus a chothabháil. Leagtar amach i Sceideal 6 den Acht na forálacha maidir leis an airgead a íocfar isteach agus amach as an gCiste.

c) **Ráiteas maidir le Comhlíonadh agus bunús an ullmhúcháin**
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscíochta airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.Is é seo dara ráiteas airgeadais an Chiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a ullmhaíodh de réir FRS 102. An 1 Eanáir 2015 an

d) dáta ar athraíodh go dtí FRS 102.Ní raibh aon tionchar ag an athrú go dtí FRS 102 ar an staid airgeadais ná ar fheidhmíocht airgeadais a tuairiscíodh roimhe seo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir modh fabhraithe na cuntasaíochta, ach amháin nuair a luaitear thíos, agus de réir phrionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoin gcoinbhinsiún costas stairiúil agus san fhormáid atá ceadaithe ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

e) **Ioncam a Aithint**
Luaitear ranníocaíochtaí chuig an gCiste ar bhonn airgid thirim a fuarthas

f) **Barrachas ar an gCiste**
Ceanglaítear ar an gCiste, de réir Alt 77(3) den Acht, iarmhéid nach lú ná €2 mhilliún a bheith sa gCiste ar nó tar éis an dáta a mbeidh an Ciste ceithre bliana bunaithe.

g) **Dámhachtainí**
Aithnítear dámhachtainí mar chaiteachas nuair atá an tÚdarás sásta gur thabhaigh cliant le ceadúnaí caillteanas de bharr mhí-ionracas an cheadúnaí, nó dhuine ar bith ag feidhmiú thar ceann an cheadúnaí i ndáil le seirbhísí maoine a sholáthar.

2. Ioncam an Chiste Cúitimh

	2016 €	2015 €
Ranníocaíochtaí chuig an gCiste	579,600	564,200
Ús taisce faighte	4,985	6,352
	584,585	**570,552**

Rinne an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tugadh dó faoi alt 95 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 le toiliú an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais rialacháin a tháinig i bhfeidhm an 30 Bealtaine 2012. Leagtar amach i Rialacháin 2012 (An Ciste Cúitimh) fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, an ranníocaíocht atá le déanamh leis an gCiste ag duine a dhéanann iarratas ar cheadúnas nó ar cheadúnas a athnuachan: fostóir seirbhísí maoine €200, conraitheoir neamhspleách €200 agus príomhoifigeach nó fostaí €50.

3. Tiomantais
Níor íocadh aon dámhachtainí as an gCiste don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 agus níl aon thiomantais ag seasamh amach maidir le dámhachtainí a dhéanamh ag deireadh na bliana.

4. Dámhachtainí – Teagmhas
Tá líomhain déanta leis an Údarás maidir le heachtra suntasach inar baineadh mí-úsáid as cistí cliaint. Tá sé seo á fhiosrú faoi láthair agus d'fhéadfadh éileamh nó éilimh i gcoinne an Chiste a bheith mar thoradh air.

5. Ceadú na ráitis airgeadais
Cheadaigh Bord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine na ráitis airgeadais an 02/05/2017.